Commission for
**Communications Regulation**

Toradh ar Chomhairliúchán

# Ráiteas Straitéise (2005-2007)

| | |
|---|---|
| **Cáipéis Uimh.** | **05/77** |
| **Dáta:** | **5 Deireadh Fómhair** |


**An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide**
Cúirt na Mainistreach, Lárionad Irish Life, Sráid na Mainistreach Íocht., Baile Átha Cliath 1.
*Teileafón* +353 1 804 9600 *Facs*+353 1 804 9680 *ríomhphostl* info@comreg.ie Idirlíon www.comreg.ie

## Clár

1 Réamhfhocal an Chathaoirligh ........ 3

2 Brollach ........ 4

3 Anailís imshaoil na hearnála teileacumarsáide ........ 7

3.1 ÁR BPÁIRTITHE LEASMHARA ........ 7
*3.1.1 Úsáideoirí ........ 8*
*3.1.2 Tionscal ........ 8*
*3.1.3 Comhlachtaí Rialála ........ 8*
3.2 IMSHAOL SEACHTRACH ........ 9
*3.2.1 An Eacnamaíocht Éireannach ........ 9*
*3.2.2 Anailís reatha ar mhargadh na cumarsáide leictreonaí. ........ 11*
*3.2.3 Treochtaí i margadh na cumarsáide leictreonaí sa todhchaí. ........ 17*
3.3 AN TIMSHAOL REACHTÚIL GINEARÁLTA ........ 20
*3.3.1 Frámaíocht Reachtúil d'earnáil na cumarsáide leictreonaí. ........ 21*
*3.3.2 Frámaíocht Reachtúil um Bhainistiú Speictream ........ 22*
*3.3.3 An fhrámaíocht reachtúil d'earnáil an phoist ........ 23*

4 Misean Chomreg, luachanna agus Fís ........ 24

5 Cuspóirí agus straitéisí ChomReg d'earnáil na cumarsáide leictreonaí ........ 25

5.1 IOMAÍOCHT ........ 25
5.2 TOMHALTÓIRÍ ........ 27
5.3 MARGADH INMHEÁNACH ........ 29

6 Cuspóirí agus straitéisí ChomReg um Bhainistiú speictream radaimhiníochta ........ 32

7 Ráiteas Straitéise d'Earnáil an Phoist ........ 33

7.1 BROLLACH ........ 33
*7.1.1 Seirbhísí Poist: forbhreithniú gairid ........ 33*
*7.1.2 Na margaí ina n-oibríonn na seirbhísí poist ........ 34*
7.2 ANAILÍS IMSHAOIL ........ 38
*7.2.1 Nádúr sóinseálach na Seirbhísí Poist ........ 38*
*7.2.2 Frámaíocht rialála ag éabhlóid ........ 39*
*7.2.3 Nua-ghnáis úinéireachta ag teacht isteach ........ 40*
*7.2.4 An t-imshaol teicniúil ........ 40*
*7.2.5 An t-imshaol gnó agus an post ........ 42*
*7.2.6 An tImshaol Sóisialta ........ 44*
7.3 FÍS CHOMREG D'EARNÁIL AN PHOIST ........ 45
7.4 CUSPÓIRÍ AGUS STRÁITÉISÍ CHOMREG D'EARNÁIL AN PHOIST. ........ 46
*7.4.1 Margadh poist fuinniúil ........ 46*
*7.4.2 Feidhmiú líonraí seachadta An Phoist sa todhchaí ........ 46*
*7.4.3 Slabhra luacha an phoist á leathnú ........ 47*
*7.4.4 Iomaíocht mhiondhíolacháin sna margaí gnó. ........ 47*
*7.4.5 Iomaíocht mhiondhíolacháin i margaí na dtomhaltóirí ........ 48*
*7.4.6 Margaí na mBeart agus na Mearsheachadaí ........ 48*
*7.4.7 Toradh gníomhaíochtaí eile An Phoist ar Sheirbhís Uilechoiteann a chur ar fáil 48*
*7.4.8 An tSeirbhís Uilíoch ........ 48*
*7.4.9 CBL ........ 49*
*7.4.10 Achoimre ........ 50*

8 Ár gcuspóirí á mbaint amach ........................................................ 51
8.1 ACMHAINNÍ DAONNA ........................................................................ 51
*8.1.1 Struchtúr eagrúcháin agus ról na gCoimisinéirí .................................. 51*
*8.1.2 An tIonad Barr Feabhais ............................................................... 52*
*8.1.3 Bainistiú Feidhmíochta ................................................................. 53*
8.2 SEIRBHÍSÍ FAISNÉISE ...................................................................... 53
*8.2.1 Teicneolaíocht an Eolais ............................................................... 53*
*8.2.2 Cúram Tomhaltóirí ....................................................................... 54*
*8.2.3 Teacht ar Fhaisnéis agus Gnásanna Foilseacháin................................ 57*
8.3 COSTAIS ....................................................................................... 58
Aguisín A – Freagróirí ar an nDréachtráitéas Straitéise.............................. 60
Aguisín B Bunús agus toradh na monaplachtaí poist ................................ 61

# 1 Réamhfhocal an Chathaoirligh

Sa ré seo nuair atá an t-athrú chomh fuinniúil sin in earnáil na cumarsáide, ní hamháin in Éirinn ach, ar fud an domhain, tá sé an-tábhachtach ar fad go mbeadh an rialáil ann agus go mbeadh sé réamhthuartha, de réir a chéile agus trédheacach. Déanann sin, ann féin, an iomaíocht a chur chun cinn mar thairbhe do na húsáideoirí agus freisin spreagann sé infheistíocht.

Dhá bhliain tar éis don fhrámaíocht rialála a theacht isteach, is ea atá an dara ráiteas straitéise á chur amach ag ComReg, le linn athrú sontasach a bheith tagtha i margadh na cumarsáide in Éirinn agus freisin borradh an dócháis le brath san earnáil.

Tá cur le chéile an ráitis straitéise sárluachmhar ag eagras mar ChomReg. Cabhraíonn sé le stoc-áireamh agus pleanáil-ar-aghaidh, cabhraíonn sé freisin le hathrú gearrthéarmach a dhéanamh, agus cuireann sé luaineacht agus solúbacht sa rialáil.

Cuireann an cháipéis seo na freagraí san áireamh a fuarthas ar na ráitis stráitéise faoin gcumarsáid leictreonach agus faoi chomhairliúchán maidir le cúrsaí poist, chomh maith leis na comhairliúcháin a rinneadh le déanaí ar speictream[1] agus an tAthbhreithniú Straitéiseach ar Earnáil na Teileacumarsáide[2] don Todhchaí. Is mian le ComReg buíochas a gabháil le gach aoinne a thug freagraí ar na comhairliúcháin céanna.

Ó am eisithe an chéad chomhairliúcháin bhí nithe nua a tháinig chun cinn a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an margadh Éireannach sa ghearr- nó sa mheánthréimhse. Ina measc siúd bhí an comórtas a sheoil ComReg den cheathrú cheadúnas teileafón gluaiste 3G, bhí an seoladh iomlán tráchtála ag 3 as a sheirbhís 3G do thomhaltóirí agus an moladh eile .i. go ngabhfadh eircom agus Liberty Global seilbh ar Mheteor agus ntl Ireland faoi seach.

Tá dóchas ag ComReg go dtugann an Ráiteas Straitéise seo an chinnteacht rialála atá riachtanach don mhargadh agus táthar ag súil le bheith ag comhoibriú le páirtithe leasmhara sna blianta atá romhainn chun an Straitéis seo a chur i bhfeidhm.

**Isolde Goggin,**
**Cathaoirleach**

[1] Comhairliúchán bunaigh cáipéis ComReg 05/01A agus 0501B mar fhreagra ar cháipéis chomhairliúcháin ChomReg 05/36

[2] 05/30

## 2 Brollach

Faoin Acht um Rialáil Cumarsáide 2002 tá oibleagáid ar Chomreg Ráiteas Straitéise a chur ar fáil gach dara bhliain. Ní mór don Ráiteas Straitéise na cuspóirí atá leagtha amach in alt 12 den Acht agus aon treoracha faoi alt 13 den Acht a chur san áireamh.

Is iad seo a leanas na cuspóirí:

Maidir le líonraí cumarsáide leictreonaí, seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus áiseanna gaolmhara a chur ar fáil

- *An iomaíocht a chothú,*
- *Cur le forbairt an mhargaidh inmheánaigh, agus*
- *Leas na n-úsáideoirí sa Phobal a chothú.*

- Chun bainistíocht éifeachtach agus úsáid an speictrim mhinicíochta raidió agus uimhreacha as an scéim náisiúnta uimhrithe sa Stát a dheimhniú, faoi réir treorach faoi alt 13, agus
- Chun forbairt earnála an phoist a chothú go háirithe an tseirbhís uilíoch a bheith ar fáil laistigh den Stát, isteach sa Stát agus amach as, ar phraghas inacmhainne agus chun tairbhe na n-úsáideoirí uile.

I Mí an Mheithimh 2005 chuir ComReg amach an Dréachtráiteas Straitéise le haghaidh na hearnála cumarsáide don tréimhse 2005-2007[3]. Fuarthas 18 freagraí ó roinnt áirithe páirtithe leasmhara. Tá sonraí na bhfreagróirí leagtha amach in Aguisín A den cháipéis seo.

I Mí Lúnasa, 2005, chuir ComReg Dréachtráiteas Straitéise amach faoi earnáil an phoist[4]. Fuarthas 7 bhfreagraí ó roinnt páirtithe leasmhara. Tá sonraí na bhfreagróirí seo leagtha amach faoi Aguisín A den cháipéis seo.

Beidh na freagraí seo go léir, ach amháin aon cheann a mheasfar a bheith faoi rún, foilsithe ar láithreán gréasáin ChomReg.

I gcaitheamh an dhá bhliain atá caite, tá mór-athruithe tagtha ar mhargaí na cumarsáide. Tá biseach tagtha ar an earnáil idirnáisiúnta cumarsáide tar éis an lagthréimhse eacnamaíochta idir 2001 agus 2003 agus tá tréimhse an athdhóchais scroichte aici anois. Le nua-sheirbhísí mar an Prótacal Gutha thar Idirlíon (PGtI), an craoladh digiteach agus na líonraí teileafón gluaiste triú ghlúin (3G), tá éagsúlacht, rogha agus luach airgid an-mhaith ar fáil ag úsáideoirí. Tá méadú tagtha ar úsáid an leathanbhanda le bliain anuas agus tá an fhianaise ann go bhfuil éileamh mór ar na seirbhísí nua ardfhorbartha sa chumarsáid leictreonach. Tá an fhuinniúlacht seo sa mhargadh tagtha céim ar chéim le borradh sonrach san eacnamaíocht Éireannach.

[3] Cáipéis ChomReg 05/07

[4] Cáipéis ChomReg 05/57

Tugadh isteach frámaíocht rialála nua ón AE le haghaidh na hearnála cumarsáide leictreonaí i Mí Iúil 2003 agus tá Éire ar cheann de na tíortha is mó chun cinn maidir le lánfheidhmiú na rialála seo. Tá an fhrámaíocht seo bunaithe ar phríomhaíocht na neodrachta teicneolaíochta agus ar phrionsabail dhlí na hiomaíochta.

Maidir le hearnáil an phoist, bhí roinnt bunfhorbairtí i gcaitheamh na bliana go leith seo a ghaibh tharainn. D'osclaíodh an margadh le haghaidh iomaíochta don phost amach thar teorainn i Mí Eanáir 2004, ag teacht le clár ama an AE chun margadh inmheánach seirbhísí poist a chruthú. Tá liobrálú breise le teacht 2006 nuair a bheidh cead ag iomaitheoirí An Phoist litreacha a sheachadadh, ach amháin an mheáchain a bheith os cionn 50g.

Ó 2004 i leith bhí ar sholáthróirí seirbhísí poist in Éirinn, le láimdeachas os cionn €500,000 (gan CBL), bhí orthú Údarú um Sheirbhísí Poist a fháil ó ChomReg. Tá os cionn 20 cuideachtaí den chineál sin údaraithe ag ComReg ó shin i leith.

Is é is cuspóir don Ráiteas Straitéise seo ná achoimre a dhéanamh ar dhearcadh Chomreg ar na forbairtí a d'fhéadfaí a theacht ar na hearnálacha faoi rialáil ChomReg idir Iúl 2005 agus Iúl 2007 agus freisin straitéis rialála a leagan amach chun ár gcuspóirí a bhaint amach agus na deiseanna margaíochta a fheabhsú ar aon chéim leis an forbairtí céanna. Thabharfaí san áireamh na nithe a bheadh mar ábhair buartha ag ár bpríomhpháirtithe leasmhara, ag tomhaltóirí, ag an dtionscal agus ag an rialtas, de réir mar a chuireadh in iúl sna chéad Dréachtráitis Straitéise faoi na hearnálacha cumarsáide leictreonaí agus poist.

Tá an cháipéis curtha le chéile mar a leanas:

Scrúdaíonn Caibidil 3 an t-imshaol ina bhfeidhmíonn ComReg, lena n-áirítear an fhrámaíocht reachtúil atá mar chúltaca ar obair ChomReg.

Achoimríonn Caibidil 4 ráiteas misin Chomreg chomh maith le croí-luachanna agus fís na hearnála cumarsáide in Éirinn.

Leagann Caibidil 5 amach na cuspóirí agus na haidhmeanna atá ag ComReg don tréimhse idir 2005 agus 2007 agus na straitéisí ar leith chun na gcuspóirí sin a bhaint amach.

Leagann Caibidil 6 amach na cuspóirí agus na haidhmeanna atá ag ComReg um bhainistiú speictream idir 2007 agus 2007 agus na straitéisí ar leith chun na gcuspóirí sin a bhaint amach.

Scrúdaíonn Caibidil 7 imshaol mhargaidh an phoist in Éirinn agus san Eoraip, ag áireamh an fhrámaíocht reachtúil atá mar chúltaca le rialáil an phoist. Leagtar fís ChomReg amach, na spriocanna agus na cuspóirí le haghaidh earnála an phoist idir 2005 agus 2007 agus na straitéisí ar leith atá beartaithe chun na gcuspóirí sin a bhaint amach.

Tá forbhreithniú i gCaibidil 8 ar struchtúr eagrúcháin agus bonn costála ComReg agus ríomhtar na hacmhaínní agus na straitéisí a bheidh de dhíth ó ChomReg chun seirbhísí a chur ar fáil dár bpáirtithe leasmhara.

Tá roinnt iarscríbhinní don cháipéis seo ina bhfuil liosta desna freagróirí ar na chéad chomhairliúcháin, agus nóta faoi bhunús agus toradh na monaplachtaí poist.

Ba chóir an doimiméad seo a léamh in fhochair Ráitis Straitéise ChomReg um Bhainistiú Speictream 2005-2007 agus an pháipéir um Athbhreithniú Straitéiseach don Todhchaí. D'eisíodh an dhá cheann seo níos túisce i 2005. Bhí an chéad pháipéar díobh seo dírithe ar fhorbairtí teicneolaíochta agus sóisialta i réimse na cumarsáide leictreonaí suas go dtí 2010. Ina choinne sin, déanfaidh an páipéar seo díriú ar mhargaí sa ghearrthréimhse go dtí 2007.

# 3 Anailís imshaoil na hearnála teileacumarsáide

Is céim rí-thabhachtach in aon straitéis don todhchaí bunfhorbairtí san imshaol seachtrach a bhreithniú. Scrúdóidh an chaibidil seo an imeacht bhunúsach atá faoin eacnamaíocht Éireannach agus níos faide anonn, agus freisin an treo imeachta bhunúsach atá faoi na hearnálacha a bhfuil forbhreithniú rialála ag ComReg orthu.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil anailís shonrach déanta ar earnáil an phoist agus go bhfuil seo leagtha amach i gcaibidil a seacht, cé go bhfuil an chéad anailís mhaicreacnamúil ar eacnamaíocht na hÉireann agus an anailís ar pháirtithe leasmhara ChomReg mar an gcéanna san earnáil cumarsáide leictreonaí agus in earnáil an phoist.


Bhí comhaontú leathan idir freagróirí an chéad dhréachtchomhairliúcháin maidir le hanailís imshaoil ChomReg. Mar sin féin, chuir tráchtairí áirithe an bhéim ar shaincheisteanna ar leith agus tá iarracht déanta ag ComReg déileáil leo siúd san alt seo.

## 3.1 Ár bPáirtithe Leasmhara

Tá roinnt páirtithe leasmhara ag ComReg go gcuirtear a gcuid tuairimí san áireamh le linn beartais agus tionscnamh rialála a bheith á bhforbairt. D'aontaigh formhór freagróirí an chéad dhréachtchomhairliúcháin le hanailís ChomReg ar an mbonn de pháirtithe leasmhara atá acu. Mar sin féin, nocht roinnt freagróirí an tuairim go mba cheart do ChomReg díriú níos géire ar pháirtithe leasmhara ar leith, nó luaigh siad páirtithe breise go mba cheart díriú orthu. Bhí tuairimí eile ag roinnt freagróirí faoi mhodhanna caidrimh eile, mar a bheadh fóraim ar líne, cruinnithe dhá thaobh agus seónna bóthair. Tá na tuairimí agus na smaointe seo curtha san áireamh ag ComReg chomh maith agus is féidir.

Déanann an léaráid thíos na páirtithe leasmhara is tabhachtaí atá againn a anailísiú.

**Figiúr 3.1.1 Páirtithe leasmhara ChomReg**




Bíodh is go bhfuil riachtanais na bpáirtithe leasmhara ag iomaíocht lena chéile agus chomh deacair is atá sé déileáil le sin, beidh ComReg ag éileamh ar gach ghrúpa féachaint i ndiaidh a chuid oibre féin. Cé go bhfuil tábhacht ag baint le teagmháil

ghníomhach leis na páirtithe leasmhara go léir, tá achoimre san alt seo a leanas ar an ngníomhaíocht atá againn le trí chinn de na páirtithe is tábhachtaí.

### *3.1.1 Úsáideoirí*

Déanfaidh ComReg cúram ar leith leis an ngaol atá againn le húsáideoirí, ag áireamh daoine le riachtanais speisialta nó le míchumas. Mar shampla, tá reachtaíocht ar feitheamh a chuirfidh béim níos mó ar sheirbhísí a sholáthar do dhaoine le míchumas.

Cuireann ComReg fáilte roimh an nGníomhaíocht Náisiúnta Tomhaltóirí (GNT) a bheith curtha le chéile ar bhonn eatramhach, agus le bheith deimhin de go bhfuil an polasaí rialála atá againn ag teacht le riachtanais na dtomhaltóirí ar fad, oibreoimíd go dlúth i gcomhar leis an GNT, chomh maith le caidreamh leanúnach a choimeád le Cumann Tomhaltóirí na hÉireann agus le hOifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí.

Leanfaidh ComReg ag agallamh le húsáideoirí gnó go haonaránach agus trí eagraíochtaí mar Chomhlachas Chumainn Tráchtála na hÉireann, Fiontraíocht Beag agus Meánach na hÉireann (FBMÉ)/Cumann na nGnólachtaí Beaga(CGB) agus le Cónaidhm Gnó agus Fostóirí Éireann (CGFÉ).

Aithníonn ComReg freisin go n-oibríonn an-chuid ghnónna ar bhonn uile-oileánda agus déanfar iarracht teacht ar sheirbhísí cumarsáide a fhreastalóidh ar a gcuid riachtanais siúd maidir le rochtain gheografach agus infhaighteacht de. Maidir le seo, leanfaidh ComReg ag obair go dlúth leis na húsáideoirí seo tríd an nGrúpa Comhoibriúcháin ComReg/Ofcom.

Leanfaidh ComReg ag spreagadh idirgníomhaíochta le tomhaltóirí trí líne tiomnaithe teileafóin, trí láithreán gréasáin agus trí imeachtaí líonraithe mar aonaigh trádála agus comhdhálacha. Tá tuilleadh sonraí maidir le h-idirghníomhaíocht le tomhaltóirí le fáil faoi alt 8.2.2.

### *3.1.2 Tionscal*

Tá coinne ag ComReg le mór-athruithe sa tréimhse 2005-2007, go háirithe maidir le seirbhísí rite le chéile agus le héileamh na gcustaiméirí ar sheirbhísí ardfhorbartha mar leathanbhanda ardluais agus 3G. Tá forbairtí den chineál seo ag tabhairt dúshláin nach beag do rialálaithe agus don tionscal trí chéile.

Chun go mbeadh polasaí rialála curtha i bhfeidhm mar ba chóir bíonn ComReg ag brath ar chomhar ghníomhach ó thionscal na cumarsáide. Tá ComReg faoi chomaoin ag an dtionscal go dtí seo as a bhfuil déanta acu chun margadh cumarsáide a thógáil in Éireann atá ag éirí níos iomaíche in aghaidh an lae. Chun dul chun cinn leanúnach a dhéanamh beidh níos mó comhair agus agallaimh idir an tionscal agus an rialálaí de dhíth, sé sin má tá tomhaltóirí chun tairbhe a bhaint as táirgí nuálacha agus as táirgí iomaíocha i margadh na hÉireann.

### *3.1.3 Comhlachtaí Rialála*

Bíodh is go bhfuil an réimse de shaincheisteanna chomh leathan sin ceangailte le rialáil na hearnála cumarsáide, aithníonn ComReg an luach atá le dlúthchomhoibriú le comlachtaí rialála eile mar Choimisiún Craoltóireachta na hÉireann (CCÉ), an tÚdarás

Iomaíochta, Regtel, Údarás RTÉ, an Ghníomhaíocht (idirthréimhseach) Náisiúnta Tomhaltóirí (GNT) agus an Coimisinéir Cosanta Sonraí.

Nocht roinnt freagróirí an tuairim nach raibh cumhachtaí forfheidhmithe láidir go leor ag ComReg. Leanfaidh ComReg ag comhoibriú leis an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha (RCMAN) lena dheimhniú go mbeidh na cumhachtaí atá againn inniúil déileáil le riachtanais tionscail atá fuinniúil agus éabhlóideach. Mar bhunchruthaitheoirí polasaí i réimse na cumarsáide, leanfaidh ComReg ag saothrú go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach agus le Roinn na Cumarsáide ag tabhairt faoi na dúshláin bhunúsacha i margadh na cumarsáide.

Bhí an tuairim ag roinnt freagróirí ar an gcomhairliúchán go mba cheart do ChomReg oibriú níos dlúithe agus agus níos trédhearcaí feasta leis an Údarás Iomaíochta ar shaincheisteanna áirithe. Tá Meamram Tuisceana (MT) ag ComReg leis an Údarás Iomaíochta agus tá an dhá eagraíocht ag comhar go dlúth lena chéile ag anailísiú an mhargaidh ó chuireadh an fhrámaíocht rialála nua i bhfeidhm i Mí Iúil 2003. Fairis sin foilsíonn ComReg tuairim an Údaráis ina hiomláine sna hathbhreithnithe margaidh go léir.

Tá an-chuid díospóireachta ar siúl faoi láthair maidir leis na costais géilliúlachta a chuireann an rialáil anuas ar lucht gnó trí rómhaorlathas, go háirithe chomh fada is a bhaineann le gnónna beaga agus gnónna meánacha. Tá buntáistí éifeachtachta le baint trí mhodhanna oibre a chumadh go cliste agus gan oiread den dhúbláil a bheith ag baint le faisnéis a bhailiú. Leanfaidh ComReg ag obair go dlúth agus go gníomhach leis an nGrupa um Rialáil Níos Fearr agus le rialálaithe earnála aonair eile in Éirinn chun caighdeán éifeachtachta mar sin a bhaint amach.

Leanfaidh ComReg freisin ag saothrú go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach ar bhonn foirmiúil tríd an nGrúpa Rialálaithe Eorpacha, CERP (An Coiste Eorpach de Rialaithe Poist) agus freisin, go neamhfhoirmiúil, lenár gcomhpháirtithe náisiúnta, trid an nGrúpa Rialálaithe Neamhspleácha (GRN), le bheith cinnte go bhfuilmíd ag leanúint den chleachtais rialála is fearr agus go ndéanaimíd an rialáil ar mhodh comhoiriúnach agus réamhghníomhach.

## 3.2 Imshaol Seachtrach


### *3.2.1 An Eacnamaíocht Éireannach*

Tá eacnamaíocht na hÉireann ag feidhmiú níos fearr anois go leanúnach ná mar atá sa chuid is mó de na tíortha tionsclaíocha. Sa deich mbliana atá caite bhí fás níos mó ná 7% sa bhliain againn (de réir tomhais an fháis san Olltáirgeacht Baile). Sa bhliain 2004 mhéadaigh an Olltáirgeacht Baile (OTB) 4.9%, agus mhéadaigh an Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) 5.5%. Is í seo an chéad bhliain ó 2000 nuair a bhí an fás OTN níos mó ná an fás OTB.[5]

De dheasca an fháis sciobtha seo, tá Éire ag dul chun cinn ar thíortha eile san AE i dtéarmaí Olltáirgeachta Baile *per capita*.

[5] An Roinn Airgeadais, "Monthly Economic Bullitin" Meitheamh, 2004

**Figiúr 3.2.1. OTB per capita [foinse; Analysys]**




Tá sé dealrach go leanfaidh an fás láidir seo le linn tréimhse an ráitis straitéise seo. Tá rátaí fáis OTB de 4.9% i 2005 agus 5.1% i 2006 tuartha ag Coimisiún na hEorpa. De réir anailíse a rinne an Deutsche Bank le déanaí beidh Éire mar "bharr-ionad fáis" laistigh den Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) idir seo agus 2020 agus beidh an daonra ag méadú 1.1% sa bhliain. Measann an Deutsche Bank freisin go bhfásfaidh an OTB per capita 3% sa bhliain, rud a fhágfaidh Éire ach amháin taobh thiar de SAM maidir le hiomcam pearsanta de.

De ghnáth san am atá caite bhíodh an fhostaíocht an-láidir nuair a bhí an Olltáirgeacht Baile (OTB) láidir. Ag deireadh 2004 bhí 4.5% den lucht saothair dífhostaithe. Mar sin féin, de bharr oscailteacht na heacnamaíochta níor tháinig Éire saor go hiomlán ó shuathadh domhanda eacnamaíochta. Bhí cuid de thoradh na lagtrá a tháinig ar thionscal na teileacumarsáide i 2000 ar an earnáil chéanna in Éirinn in ainneoin fháis leanúnaigh na heacnamaíochta i bhfus.

Tá méadaithe ar an imní maidir le hiomaíochas na hÉireann i gcomparáid le tíortha eile de bharr fás mear na heacnamaíochta i bhfus, go háirithe ó tháinig na deich gcinn nua de Bhallstáit isteach san Aontas Eorpach i Mí an Mheithimh 2004. Tá cúiseanna áirithe imní aimsithe ag an gComhairle Iomaíochais Náisiúnta sa tuarascáil[6] is déanaí a rinneadar. Ina measc siúd atá leibhéil na táirgiúlachta ábhartha íseal in earnálacha eacnamúla mar theicneolaíocht an eolais, leibhéil atá ceangailte le ganntanas lucht saothair. Tá méaduithe os cionn an leibhéil bhoilscithe aimsithe freisin i roinnt táirgí agus seirbhísí, chomh maith le hinfheistíocht íseal ag lucht gnó na hÉireann i dTaighde agus i bhForbairt (T&F) i gcomparáid le tíortha forbartha eile.
Chuir tuarascáil le déanaí a rinne Indepen and Ovum[7] do Thábla Cruinn na Bruiséile an-bhéim ar luach na Teicneolaíochta Eolais & Cumarsáide (TEC) chun borradh eacnamaíochta a bhrostú san AE ach thug rabhadh san am gcéanna faoi laige na

[6] Is féidir an tuarascáil seo a léamh ag http://www.forfas.ie/noc/reports/noc_annual_05/index.html

[7] Ovum/Indepen (2005) Achieving the Lisbon Agenda: the contribution of ICT

táirgiúlachta san Eoraip i gcomparáid le heacnamaíochtaí eile mar SAM agus an tSeapáin.

Mar sin, cé go bhfuil dóchas ann faoi eacnamaíocht na hÉireann sa ghearrthréimhse ina choinne sin tá dearcadh níos cúramaí ann maidir leis an bhfás céanna a choimeád sna blianta atá amach romhainn. Agus an scéal amhlaidh, aithníonn ComReg go bhfuil gá ag aon infheisteoir le cinnteacht éigin maidir le rialáil agus tá gá le haoráid rialála a bheith ann a mheallfaidh infheistíocht go dtí na hearnálacha atá faoi rialáil Chomreg. Déanann an Ráiteas Straitéise seo iarracht ar ábhar cinnteachta a sholáthar trí straitéis rialála ChomReg a shoiléiriú fad leis an mbliain 2007.


### *3.2.2 Anailís reatha ar mhargadh na cumarsáide leictreonaí.*

#### 3.2.2.1 Forléargas

Tá tabhacht na hearnála Teicneolaíochta Eolais agus Cumarsáide léirithe i dtionscnamh i2010 an Choimisiúin Eorpaigh, a thugann le fios gurb ionann TEC agus 40% d'fhás táirgiúlachta san Eoraip agus do 25% d'fhás na hOlltáirgeachta Baile (OTB) san AE[8].

Tá luach foriomlán na hearnála cumarsáide leictreonaí in Éirinn ag ardú riamh is i gcónaí, bíodh is de réir a chéile, ó bhog ar an lagtrá san earnáil i ndeireadh 2002 agus i dtús 2003.

**Figiúr 3.2.2 Ioncam Iomlán Cumarsáide 2003-2004**





Is í earnáil na bhfón póca is mó atá ag gríosadh an fháis seo faoin ioncam agus tá an t-ioncam as na línte seasmhacha ag dul i laghad de bharr iomaíochta sa phraghas agus úsáid níos mó a bheith á bhaint as líonraí na bhfearas inghluaiste chun glaonna

[8] http://europa.eu.int/rapid/pressReleasesAction.do?reference=IP/05/643&format=HTML&aged=0&language=EN&guiLanguage=en

gutha a dhéanamh. Ríomhann an chairt thíos an laghdú sna praghsanna cumarsáide leictreonaí i gcomh-ard le praghsanna foriomlána in Éirinn idir 1997 agus 2005.


### Figiúr 3.2.3 Praghsanna Cumarsáide agus Praghsanna foriomlána do thomhaltóirí idir 1997 agus 2005 [Foinse: CSO]




Foinse: CSO


Mar a léiríonn an chairt thuas go soiléir, tá buntáiste bainte ag lucht úsáide na hÉireann as an ísliú praghsanna atá le fáil sa tsaormhargadh. Taispeánann anailís bhreise ar tháillí a choimisiúnaigh ComReg an titim leanúnach sna praghsanna cumarsáide, go háirithe sna margaí gutha seasmhacha.

### Figiúr 3.2.4 Ciseáin de tháillí teileafónaíochta na nguthán seasmhach in Éirinn 2002-2005 [Foinse: Teligen]



Mar sin féin, tá praghsanna i gcúinní áirithe den mhargadh inghluaiste fanta ard agus neamhghéilliúil, mar is léir ón anailís i gciseáin táillí na bhfearas inghluaiste thíos.

**Figiúr 3.2.5 Ciseáin táillí inghluaiste in Éirinn, 2002-2005 [Foinse: Teligen]**




Idir seoladh na seirbhíse tráchtála ag an iomaitheoir 3 nua-thagtha agus an spéis láidir atá faoi láthair i seirbhísí de líonraí fhíorúla inghluaiste a chur ar fáil agus an fógra a rinne ComReg le déanaí ar chomórtas chun cheadúnais 3G bhreise a eisiúint – b'féidir go ngríosfadh iad siúd uile tuilleadh iomaíochta sna praghsanna, laistigh de thréimhse an Ráitis Straitéise seo.

Deir tuairisc ó Réadlann Teicneolaíochta an Eolais san Eoraip (RTEE) go bhfásfaidh margadh na teileacumarsáide 4.3% i 2005 agus 2006, is é sin os cionn an mheáin san AE atá idir 3.1% agus 3.3%.[9]

### 3.2.2.2 Líonraí seasmhacha cumarsáide leictreonaí

Tá roinnt iomaitheoirí in Éirinn le bonneagar de líonraí iomaíocha. Mar sin féin, de réir anailís mhargaidh a rinne ComReg is é eircom an t-oibreoir de líonraí seasmhacha is láidre atá ann, go háirithe ó thaobh líonraí rochtana de. Faoi láthair tá líonra lárnach thart faoi 55,000 km. ag eircom. Tá líonra náisiúnta ag BT Ireland freisin, cé nach bhfuil sé ar an scála chomh mór céanna. Tá líonra forleathan i dTuaisceart Éireann ag BT, atá ina shealbhóir ansiúd. Soláthraíonn ESB Telecom, fochuideachta de Bhord Soláthair an Leictreachais agus Aurora Telecom, fochuideachta de Bhord Gáis, soláthraíonn siad áiseanna líonraí ardbhanda-leithid d'oibreoirí eile ar leibhéal an mhórdhíolta, ach ní théann siad ag iomaíocht sa mhiondhíola.

Tá €65 milliún curtha isteach ag an Rialtas sa chéad céim de Chlár an Leathanbhanda Réigiúnaigh chun sé chinn is fiche de Líonraí Snáithíneach Limistéir Meitreapóileacha (LSLM) a thógáil i gcathracha agus i mbailte, i gcomhar leis na húdaráis réigiúnacha

[9] Leabhar na Bliana RTE 2005

agus áitiúla. Tá eNet ceaptha mar Aonad Seirbhíse Bainistíochta chun an tionscadail seo a riaradh.

Ar dheireadh, tá roinnt fáinní meitreo príobháideacha sna príomhlimistéir a bhfuil daonra in Éirinn a úsáidtear chun línte mórdhíola agus miondhiola ar léas a chur ar fáil.

Tá infheistíocht i líonraí déanta ar scála níos lú ag oibreoirí eile in Éirinn freisin, dreamanna cosúil le Colt Telecom, Smart Telecom, Energis, MCI, Cable and Wireless, Magnet Networks, Equant agus Global Crossing.

Tá Choras agus ntl freisin ag déanamh infheistíochta sách mór chun seirbhísí digiteacha a chur amach de réir a chéile agus an leathanbhanda a chur ar fáil níos forleithne. Bhí os cionn 15,000 custaiméirí Leathanbhanda eatorthu faoi Lúnasa 2005.

Bíodh is go dtéann cáblaí na líonraí seo thar 80% beagnach de theaglaigh Éireannacha, is féidir go ndéanfaí an dhá chuideachta seo a chónascadh agus go gcruthófaí aoráid infheistíochta níos fearr. Thiocfadh as sin, b'fhéidir uasghrádú breise ar na líonraí, ag spreagadh forleathnú breise agus breis daoine ag ceangal leis an leathanbhanda.


Tugann ComReg faoi deara líonraí rochtana seasamhacha áitiúla gan sreang á n-imlonnú ag iomad áirithe oibreoirí. Eatorthu siúd atá Irish Broadband, Last Mile Wireless agus Digiweb. Tá ceadúnais um rochtain sheasmhach áitiúil gan sreang (RSÁGS) ar fáil do na bandaí 3.5 GHz, 10.5 GHz agus 26 GHz. Tá an leathanbhanda á thairiscint ag na hoibreoirí seo ar ardán eile agus bhí os cionn 18,000 rannpháirtithe acu faoi Mheitheamh 2005. Tá tuilleadh faisnéise faoi na réimsí clúdaithe ag na hoibreoirí seo ar fáil ar láithreán gréasáin Chomreg.[10]

Tugann na sonraí is déanaí ón Lár-Oifig Staidrimh (LOS) le fios go bhfuil tús fós á chur le tógáil an-chuid tithe nua. Tógadh 41,000 tithe teaghlaigh nua sa chéad seacht mí de 2005. Cuireann seo tuilleadh deiseanna ar fáil chun seirbhísí cumarsáide agus don bhonneagar tacaíochta nach mór a bheith fúthu a sholáthar.

Cuireann ComReg fáilte roimh na himlonnuithe seo mar cuidíonn siad le réimse níos leithne de sheirbhísí nuálacha a chuir ar fáil do chustaiméirí. Tacaíonn seo freisin le cuspóir ChomReg .i. rogha níos fearr agus praghas níos iomaíche a chur ar fáil do chustaiméirí. Bhí méadú mór gníomhaíochta i margadh na cumarsáide leictreonaí in Éirinn ó 2003 i leith, go mór mór ag oibreoirí ag bhí ag díriú ar an rochtain neamhdhíreach .i. iomaitheoirí ag baint úsáid as líonra copair eircom chun seirbhísí gutha a sholáthar do bhun-úsáideoirí i bhfoirm táirgí mórdhiola cosúil le réamhroghnú iomprόra (RRI) agus cíoschur línte mórdhíola (CLM). Faoi Mheitheamh 2005 bhí sé chomhlachtaí oibreora ag tairiscint billí le glaonna agus cíos-líne le chéile agus bhí nios mó ná triocha oibreoirí go gnóthach ag tairiscint seirbhísí glaonna le RRI (réamhroghnú iomprόra). Measann ComReg, ag an am sin, go raibh líne as deich de línte LLTP (Líonra Lasctheileafón Poiblí) eircom faoi smacht oibreora mhalartaigh (OM)

[10] http://www.comreg.ie/FWABroadband/FWALA3-5.asp?S=4&NavID=228&M=

**Figiúr 3.2.6 Comórtas Rochtana Neamhdhíreach in Éirinn, 2003-2005**




Ceanglaítear formhór an leathanbhanda in Éirinn ar an líonra copair. Fáiltíonn ComReg iomaíocht trí ardáin eile cosúil le cábla, gan sreang agus saitilít agus tabharfaimíd spreagadh don iomaíocht ardán le linn tréimhse an Ráitis Straitéise seo.

Tá an claonadh i leith cur le chéile agus conlú seirbhísí ag teacht chun solais go mór. Cur i gcás tá iarracht trí-rannach seolta i gcomhair seirbhísí ag roinnt cuideachtaí a cheanglaíonn teileafónaíocht, Idirlíon agus Teilifís le chéile.
Fáiltíonn ComReg go ginearálta roimh an nuálaíocht agus an tsolúbacht a thugann seirbhísí dá leithéid don chustaiméir. Mar sin féin ní mór faire a dhéanamh ar an seirbhísí sin le bheith cinnte nach mbeadh cleachtais frith-iomaíocha ar siúl.

Aithníonn ComReg go bhfriothálann roinnt oibreoirí údaraithe margadh uile-oileánda do chustaiméirí atá ag brath ar sheirbhísí cumarsáide ó láithreáin éagsúla ar dhá thaobh den teorainn. Ó Mhí Aibreáin 2004 tá ComReg ag obair i gcomhar le Ofcom, trí Chomhghrúpa Oibre, chun freastal ar riachtanais an n-úsáideoirí seo agus leanfaimíd ag comh-oibriú go gníomhach leis an nGrúpa seo feasta.

### 3.2.2.3 Líonraí cumarsáide leictreonaí inghluaiste.

Faoi láthair tá trí chuideachtaí – Vodafone, 02 agus Meteor a thugann seirbhísí ar líonraí dara glúine (Coras Domhanda um Chumarsáide Inghluaiste – CDCI) in Éirinn. Tá ceadúnais 3G ag Vodafone, ag O2 agus ag 3, rud a chuirfidh seirbhísí ar bhanda-leithead níos airde ar fáil tríd an bhfón póca. Tá Vodafone agus 3 ag tairiscint lán-sheirbhísí tráchtála 3G faoi láthair. Tá fógartha ag 02 go bhfuil sé i gceist acu lán-sheirbhís tráchtála 3G a sheoladh freisin faoi dheireadh 2005.

Tá úsáid na bhfón póca ag dul i méad go cothrom le blianta beaga anuas agus tá sé anois ar 94% de dhaonra na tíre. Go dtí le déanaí bhí an méadú seo thíos do dhá

phríomh-oibreoir, Vodafone agus 02. Anois áfach, sna ráithí déanacha, tá méadaithe ag Meteor ar a líon rannpháirtithe, go háirithe sa roinn réamh-íoctha. Cuireann sin le méad an fháis san iomlán.

Mar mhalairt ar thíortha eile san Eoraip, níor tháinig na hOibreoirí Líonraí Fíorúla Inghluaiste (OLFIanna) isteach in Éirinn ar bhonn tráchtála. Is í seo ceann de na gnéithe a tugadh san áireamh san anailís a rinne ComReg ar an margadh mórdhíola i gcomhair Rochtana Inghluaiste agus Foinsí Glaonna. Fuair an anailís seo go raibh Vodafone agus 02 le chéile ag rialú an mhargaidh agus moladh rochtain a cheadú do na OLFIanna, ar bhonn tráchtála, mar leigheas ar an fadhbanna iomaíochta a bhí sa mhargadh.

Tugann ComReg faoi deara na forbairtí is déanaí sa mhargadh inghluaiste in Éirinn, go háirithe seoladh na seirbhísí tráchtála 3G ag 3 agus an togra atá ann go gceannódh eircom Meteor. Tá moladh ag ComReg freisin an ceathrú ceadúnas 3G a eisiúint agus tá spéis curtha ag roinnt dreamanna sa cheadúnas seo. Is féidir go gcuideodh a leithéidí siúd le rogha níos fearr agus luach níos fearr a thabhairt d'úsáideoirí sa mhargadh inghluaiste. Beidh ComReg ag síorfhaire an mhargaidh de dheasca na bhforbairtí céanna.

#### 3.2.2.4 Líonraí tarchuir craolacháin

Tá úinéireacht iomlán ag RTÉ ar an bhfochuideachta 'Líonra Tarchuir RTÉ Teo' agus is leis an gcuideachta sin na líonraí analógacha náisiúnta um tharchuir talmhaí agus oibríonn an chuideachta sin iad.

Mar a thugtar faoi deara thuas fáiltíonn ComReg roimh an flosc athnua um infheistíocht i líonraí atá ag na cuideachtaí cáblaí in Éirinn agus dírítear aird ar an bhfíric go bhfuil seirbhís dhigiteach ag 40% de na teaghlaigh in Éirinn a bhfuil teilifíseáin acu. Maítear gur fianaise í seo go bhfuil éileamh láidir i measc úsáideoirí i gcomhair seirbhíse digití.

Tá gluaiseachtaí ann ar fud na hEorpa chun luas a chur faoin aistriú ó chraoladh analógach go dtí craoladh digiteach. Cuirfidh na forbairtí seo speictrim breise ar fáil don chraoladh agus do sheirbhísí a theacht le chéile (teileafónaíocht agus seirbhísí sonraí á nascadh le teilifís agus le raidió). Faoi láthair tá an Rialtas ag pleanáil le haghaidh Teilifíse Digití Talmhaí (TDT).
Tá ComReg ag comhoibriú i gcónaí leis an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha chun go dtiocfadh an teilifís dhigiteach thalmhaí náisiúnta (TDT) isteach sa tréimhse atá faoi athbhreithniú.

Déanfaidh ComReg scéimeanna eile a scrúdú freisin, ar an leibhéal réigiúnach, mar sheirbhísí físchraolta digiteacha (FCD) chun an iomaíocht a mhéadú i measc soláthróirí na híoctheilifíse agus seirbhísí eile.


*3.2.3 Treochtaí i margadh na cumarsáide leictreonaí sa todhchaí.*

**3.2.3.1 Teacht le chéile inghluaiste-seasmhach agus trasmhalartú inghluaiste-seasmhach**

Tá céadatán mór do dhaonra na hÉireann faoi bhun 30 agus ghaibh an aicme seo go fonnmhar le teicneolaíochtaí cumarsáide leictreonaí, cosúil le fóin póca agus bandaleathan. De réir an tsuirbhé um threochtaí a rinne Amárach Consulting (coimisiúnaithe ag ComReg) i Mí na Bealtaine 2005, tá an tseilbh fón póca is airde i measc aosánach idir 15-24 (94%) agus ag daoine idir 25-34 (93%). Léiríonn an taighde seo freisin, nach bhfuil líne seasmhach ina gcuid teaghlaigh ag 36% d'úinéirí tithe idir na haoiseanna 25 agus 34. Chiallódh sin, b'fhéidir go bhfuil go bhfuil an t-éileamh ag laghdú, i measc aicmí óigeanta déimeagrafacha go háirithe, ar cheangal seasmhach le haghaidh seirbhísí teileafónaíochta gutha.

Léiríonn suirbhéanna a choimisiúnaigh ComReg freisin go bhfuil níos mó úsáideoirí de theileafónaíocht inghluaiste ná de theileafónaíocht sheasmhach in Éirinn:

**Figiúr 3.2.7: Sintiúsóirí do línte seasmhacha agus d'fhóin póca in Éirinn 1999-2005 [Foinse: Amárach Consulting]**




Tá oibreoirí ag freagairt do na claonta seo ar dhá bhealach. Tá an chéad chur chuige glactha ag na hoibreoirí seasmhacha agus inghluaiste araon, agus is é sin úsáideoirí a spreagadh chun a gcuid ghlaonna gutha ar fad, nó cuid díobh, a aistriú chuig aon líonra sainiúil amháin.

Is é atá sa dara chur chuige ná go dtairgeann oibreoir amháin gnéithe de líonraí seasmhacha agus inghluaiste le chéile dá gcuid chustaiméirí le haghaidh glaonna gutha. Is féidir le soláthróirí seirbhísí aontaithe nó le chéile a thairiscint a bhfuil gnéithe inghluaiste nó seachránach iontu, rud a chuireann ar chumas úsáideoirí aistriú idir líonraí seasmhacha agus inghluaiste, ag brath ar an áit a bhfuil siad. Cé go bhfuil breis solúbachta tugtha don úsáideoir ag na seirbhísí céanna, beidh dúshlán iontu don tionscal agus do na rialálaithe maidir lena gcur i bhfeidhm. Níl seirbhísí le chéile den

chineál sin á dtairiscint ar mhargadh na hÉireann faoi láthair. Mar sin féin, bhí seoltaí le déanaí sa Bhreatain agus san Eoraip de sheirbhísí Seasmhach Inghluaiste le Chéile (SIC) agus is comhartha iad siúd den treo a bhfuil cúrsaí ag imeacht agus leanfaidh ComReg ag caidreamh le hÚdaráis Rialála Eorpacha eile chun faire ar an ndul chun cinn.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuair anailís mhargaidh Chomreg amach le déanaí nach bhfuil na seirbhísí seasmhacha agus inghluaiste sa mhargadh céanna. Tá seo bunaithe ar an bhfíric go bhfuil difríochtaí bunúsacha idir seirbhísí seasmhacha agus inghluaiste agus nár rinneadh trasmhalartú substaintiúil go dtí seo ar thaobh na soláthróirí ná ar thaobh na n-úsáideoirí.[11] Nuair a chuir an Coimisiún Eorpach na hocht gcinn déag de mhargaí ábhartha ar bhun thugadar an bhreith fúthu go rabhadar ag baint le margaí difriúla. Thacaigh na rialálaithe Eorpacha leis an ndearcadh sin, bunaithe ar anailís a rinneadar féin ar na margaí seasmhacha agus inghluaiste.


#### 3.2.3.2 Idirlíon agus bandaleathan- a ndoimhneacht sa margadh.

Tá níos mór úsáideoirí ná riamh in Éirinn ag gabháil seilbh ar an mbandaleathan le bliain anuas. Ach tá an borradh seo anuas ar thosú an-lag agus beidh gá le fás sonrach eile má táimíd le bheith ar chéim nó níos fearr ná iomaitheoirí in eochaircheantair eile. Tá roinnt nithe a chuideódh lenár gcumas chun é seo a bhaint amach. Orthu sin tá soláthar/fáil níos fearr in áiteanna faoin dtuaith, biseach a chur faoin éileamh agus faoi fhorleathadh ríomhairí pearsanta.

De réir mar a leanann na feabhsúcháin ar thaobh an tsoláthair de, le tuilleadh malartán á gcumasú, fás á chur le rolladh amach cáblaí agus le seirbhísí ó sholáthróirí seasmhacha gan sreang, tá an cúram céanna le déanamh maidir le hoiliúint/teagasc na n-úsáideoirí, go háirithe na Fiontair Beaga/Méanacha (FBM), agus le tuilleadh tionscnamh a fhorbairt ar thaobh na gcustaiméirí de. Cé go bhfuil líon na ríomhairí pearsanta ag dul suas, tá ábhar imní anseo freisin, mar tá na leibhéil anseo idir 10% agus 30% faoi bhun na dtíortha a bhfuil an leibhéal is airde d’úsáid an idirlín iontu. Ríomhann an chairt thíos fás na ríomhairí baile agus rochtain an idirlín in Éirinn le ceithre bhliana anuas.

[11] Cáipéis ChomReg 05/25

**Figiúr 3.2.8 Forleathadh Ríomhairí Pearsanta agus Idirlín in Éirinn [Foinse: LOS]**




Léiríonn an tábla thís an fás in ardáin leathanbhanda malartacha ó Mheitheamh 2004.

**Figiúr 3.2.9 Rannpháirtithe an leathanbhanda agus an fás de réir an ardáin**

| Árdán | Rannpháirtithe Meitheamh 2005 | Fás Bliain go bliain Meith.04-Meith.05 |
|---|---|---|
| **LDR** | **141,000** | **154%** |
| **Cábla** | **15,000** | **177%** |
| **RSGS** | **18,000** | **313%** |
| **Saitilít** | **1,500** | **-** |
| **Iomlán** | **175,500** | **170%** |

Ba cheart a thabhairt faoi deireadh gur fhág forleathnú na dtithe aonair faoin dtuaith a thoradh féin ar earnáil na cumarsáide leictreonaí, toisc go bhfaigheadh an costas chun iad seo a cheangal leis an líonra rochtana a bheith níos airde ná sna ceantair uirbeacha. Aithníonn ComReg go bhfuil dúshlán ag baint le forleathnú an leathanbhanda in Éirinn. Ní mór an dul chun cinn a leanúint chun freastal ar mhéid na dteipeanna sna línte digiteacha rannpháirtithe (LDR), gnóthachain péirí a bhaint as agus an rochtain ar an lúb logánta. Maidir le seo, fáiltíonn ComReg roimh tionscnaimh mar an Clár Leathanbhanda do Scoileanna agus Grúpscéimeanna Leathanbhanda. Meabhraítear go ndearna roinnt freagróirí ar an gcéad cháipéis chomhairliúchán aird a tharraingt ar an ngá atá leis an dtionscal agus leis na comhlachtaí stáit a bheith ag díriú ar ghríosú an éilimh.

Tá gabháil fhorleathan leis an leathanbhanda ag gnáth-úsáideoirí agus ag lucht mórmhargaidh na hÉireann go fíorthabhachtach, mar is ardchumasóir é ó thaobh táirgiúlachta agus éifeachta gnó de agus is bun-úirlis inniúlachta é ag tomhaltóirí chun lánpháirt a ghlacadh i Sochaí an Eolais. Rinneadh luach an leathanbhanda don lucht gnó a thomhas trí shuirbhé a rinneadh ar chomhaltaí Instiúid na Stiúrthóirí san RA i 2004.

Nuair a cheistíodh iad faoi na buntáistí inmheasta don ghnó atá le baint as an leathanbhanda, chuir 84% feabhsúcháin táirgiúlachta síos don leathanbhanda agus dúirt 64% go raibh coigealtas costaisí bainte as, agus dúirt 31% gur chuidigh an leathanbhanda leo chun custaiméirí a shásamh ar bhealach níos fearr. ***

Mar atá an scéal i go leor tíortha eile, ní hé an Líne Dhigiteach Rannpháirtithe (LDR) amháin a bheidh mar réiteach ann féin chun pobal bunaithe ar leathanbhanda a chruthú. Tá a n-iarmhairtí féin ag fadhbanna mar theipeanna línte agus fad ó na malartáin. Mar sin féin tá an dul chun cinn i dteicneolaíocht na Línte Digiteacha Neamhsheiméitreacha Rannpháirtí (LDNR) ag síneadh an achair idir an malartán LDR-chumasaithe, agus áitreabh an bhun-úsáideora. Beidh gá le tuilleadh infheistíochtá san infrastrúchtúr atá ann chun freastail ar an mborradh san éileamh ar bhanda-leithead mar thaca le táirgí agus seirbhísí atá ar fáil cheana féin nó atá ar an mbealach.

Tá páirt lárnach le himirt i gcothú agus i bhforleathnú malairt teicneolaíochtaí leathanbhanda mar na cineálacha gan sreang agus saitilíte chun a bheith cinnte go mbeidh fáil ag custaiméirí in Éirinn ar chineál éigin leathanbhanda. Tá teicneolaíochtaí malartacha den tsórt sin cothaithe ag ComReg trí thionscnaimh cosúil leis an Scéim Ceadúnaithe um Rochtain Sheasmhach Áitiúil gan Sreang (RSÁGS).

#### 3.2.3.3 PGtI agus Líonraí na Céad Glúine Eile

Tá gnóthachan idirnáisiúnta na soláthróirí seribhíse den Phrótacal Ghutha thar Idirlíon (PGtI), dreamanna mar Skype agus Vonage, ceangailte le forleathnú an leathanbhanda. Dá bharr sin tá oibreoirí seasmhacha ag díriú athuair ar sheirbhísí PGtI tráchtála a sheoladh dá gcuid chustaiméirí féin. Tá seirbhísí PGtI miondhíola á dtairiscint cheana ar an margadh Éireannach ar roinnt soláthróirí seirbhíse.

Tá forbairtí in áiteanna eile tugtha faoi deara ag ComReg maidir le líonraí na céad glúine eile, leithéide Líonra 21ú Aoise BT agus iarracht Telecom Italia chun aistriú chuig líonra de Phrótacal Idirlín (PI) a bheadh comhtharraingthe le chéile ar fad faoi 2008. Má déantar gnéithe PI a chur in áit na seanlíonraí tá sé d'acmhainn as sin seirbhísí ardfhorbartha a chur ar fáil d'úsáideoirí agus ag an am céanna faigheann oibreoirí na líonraí buntáiste as ardáin atá níos éifeachtaí agus bíonn de thoradh ar sin go gcoimeádann sé costas oibriúcháin na líonraí íseal agus bíonn an corrlach brabúis níos fearr dá bharr. Cé nach dóichí go mbeidh aon aistear teicniúil chomh forleathan le sin i ré bheatha an Ráitis Straitéise seo, beidh ComReg ag tabhairt spreagadh don anailís thionscalaíoch agus ag díriú ar Líonraí Céad Glúine Eile (LCGEanna) trí fóram tionscalaíoch orthu a bhunú.

## 3.3 An tImshaol Reachtúil Ginearálta

Úsáidtear an Rialáil don chuid is mó mar théarma ginearálta chun cur síos a dhéanamh ar bhailiúchán éagsúil d'instruimí lena rialálann gach rialtas, agus gach brainse Rialtais, gníomhaíochtaí eacnamúla agus sóisialta na saoránach agus na n-eagraíochtaí.

Tá an rialáil d'earnálacha faoi leith, a bhfuil de chuspóir innti iomaíocht a thabhairt isteach in earnálacha a raibh monaplachtaí acu roimhe sin, curtha chun cinn go príomha ag an AE. Tá tacaíocht na rialtas le seo, mar ghluaiseacht i leith margaí a bheadh liobrálaithe go hiomlán. Tá an leibhéal de idirghábháil is gá a dhéanamh ar aon mhargadh faoi leith ag brath ar fhaisnéis atá ar fáil faoi na cuspóirí sin. Dá mhéid lánfheidhme, seirbhíse, luach ar airgead agus rogha atá á chur ar fáil ag margaí cumarsáide do bhun-úsáideoirí is ea is lú de chur isteach is gá do rialálaithe a dhéanamh orthu.

Aithníonn ComReg an tábhacht atá le bearta rialála a mheasúnú chun a bheith deimhin de go bhfuil siad comhréireach agus cóir. Déantar an measúnú seo de réir an chleachtais Eorpaigh agus an chleachtais idirnáisiúnta is fearr. Bhí ComReg lánpháirteach sa ghrúpa um Rialáil Níos Fearr a chuir Roinn an Taoisigh le chéile agus táthar ag déanamh deimhin de go gcuirfear bearta rialála i bhfeidhm de réir an chleachtais is fearr in Éirinn agus thar lear. Sa chomhthéacs seo déanann ComReg Anailís ar Thionchar Rialála (ATR) nuair atá gá leis, chun a bheith siúráilte nach gcuirfear aon ualach rialála míchothrom ar an dtionscal.

Tá ionchur freisin ag ComReg sna Treoirlínte um Anailís ar Thionchar Rialála atá le heisiúint go luath ag Roinn an Taoisigh. Tá ATR mionshainithe de dhíth má táthar chun oibleagáidí rialála a leagan anuas trí bhunreachtaíocht. Tá mianach agus fócas na rialála earnála difriúil; leagtar an rialáil sios go minic trí bhunreachtaíocht agus níl de chúram ag ComReg ach féachaint chuige go ndéantar í a chur i bhfeidhm. Tá líon na gcinntí rialála i bhfad níos mó agus tá srianta reachtúla ar scóip cinntí den chineál sin a dhéantar. De bharr na gcúiseanna sin uilig ní gá go mbeadh sé iomchuí an ATR a shonrú go dtí an leibhéal céanna i gcónaí.

### *3.3.1 Frámaíocht Reachtúil d'earnáil na cumarsáide leictreonaí.*

Tá frámaíocht nua an AE le haghaidh rialála na hearnála cumarsáide leictreonaí curtha i bhfeidhm go hiomlán in Éirinn agus cuireann dul chun cinn mar sin an tír seo i measc na dtíortha is airde forbartha san AE maidir le luaineacht agus solúbthacht rialála. Is iad na prionsabail lárnacha atá leagtha amach in Airteagal 8 de Theoir na Frámaíochta ná:

- Neodracht theicneolaíoch
- Cothú iomaíochta, mar shampla nuálaíocht a chothú agus a dheimhniú go mbainfidh úsáideoirí amach an tairbhe is fearr maidir le rogha, luach ar airgid agus feabhas cáilíochta,
- Forbairt an mhargaidh inmheánaigh a chothú, mar shampla deireadh a chur le h-idirdhealú, agus na constaic sa bhealach ar líonraí agus seirbhísí cumarsáide a bhaint anuas.
- Cearta na saoránach a chur chun cinn, mar shampla trína dheimhniú go bhfuil teacht ar sheirbhís uilíoch.
- Gan rialáil a dhéanamh ach nuair is gá agus ansin ar bhonn rialacha atá soiléir, sochair agus réamhthuartha.

Rinneadh an pacáiste Rialála um Chumarsáid Leictreonach de chuid AE a thrasuíomh ar 25ú Iúil 2003, mar iarracht chun rialáil na hearnála cumarsáide leictreonaí a chothromú agus a chomhthreorú san AE. Tá cúig chinn de Threoracha agus Cinneadh amháin sa bhfrámaíocht seo. Ag seo iad mar a leanas: Treoir na Frámaíochta (2002/21/EC), Treoir an Údaraithe (2002/21/EC), an Treoir Sheirbhíse Uilíche (2002/19/EC), an Treoir um Rochtain agus Idirnascadh (2002/19/EC), an Treoir Chosanta Sonraí (2002/58/EC), agus an Cinneadh Uimh. 676/2002/EC maidir le frámaíocht rialála le haghaidh beartais speictrim raidió sa Chomhphobal Eorpach.

De bhreis ar na príomhthéacsanna reachtúla, tá forálacha eile ann ag déileáil le hiomaíocht sna margaí le haghaidh líonraí agus seirbhísí, le hoibriúcháin an Ghrúpa Rialálaithe san Eoraip (GRE) agus le treoirlínte maidir le conas cumhacht an mhargaidh a mheas.

Cuireann an fhrámaíocht nua seo dhá príomhchoincheap rialála chun cinn – rialáil atá neodrach go teicneolaíoch agus frámaíocht eacnamúil agus dhlíthiúil chomhchoiteann a chur i bhfeidhm chun ocht gcinn déag d'eochairmhargaí a anailísiú, ag úsáid prionsabal dlí na híomaíochta.

Bhí ComReg i measc na gcéad bhallstát a chríochnaigh a gcuid anailíse ar an margadh ar mhodh tráthúil scioptha agus faoi láthair tá ComReg ag cur srianta i bhfeidhm ar aon mhargadh, nó margaí, atá ceaptha a bheith ró cheannasach. Déanfaidh sé seo deimhin de go gcuirfidh ComReg an rialáil i bhfeidhm go cothrom agus de réir mar is gá, agus ag íoslaghdú mar sin an t-eire rialála de na soláthróirí líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí.

Tugann ComReg faoi deara go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún Eorpach, mar atá ráite sa Chumarsáid i2010, athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfrámaíocht rialála le haghaidh cumarsáide leictreonaí sa bhliain 2006. Beidh ComReg ag obair go dlúth leis an gCoimisiún agus leis na rialálaithe sna 25 Ballstáit le linn an athbhreithnithe chéanna.

Tá sé ar thaifead poiblí gur tugadh roinnt dúshlán dlithiúla i gcoinne cinntí a rinne ChomReg maidir le ceannasacht an mhargaidh agus an leigheas is cóir faoina choinne. Aithníonn ComReg an ceart atá ag daoine, a bhaineann a leithéad leo, achomhairc a dhéanamh, ach tá sé fíorthabhachtach go gcuirfí na cásanna seo chun críche chomh scioptha agus is féidir, ar mhaithe le cinnteacht agus le himshaol a chruthú a thacódh le hinfheistíocht a bheadh chun leasa an tionscail agus na mbunúsáideoirí le chéile. Tugann ComReg faoi deara go bhfuil labhartha ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), agus an Coimisiún Eorpach freisin, faoi na bagairtí atá sa mhoill a dhéantar de bharr na ndúshlán dlithiúla úd d'fhorbairt an mhargaidh Éireannaigh i gcoitinne.

### *3.3.2 Frámaíocht Reachtúil um Bhainistiú Speictream*

Faoin Acht Radio-Thelegrafaíochta 1926, tá údarú de dhith ó gach duine chun fearas raiditeileagrafaíochta a choinneáil agus de ghnáth bíonn an t-údarú seo i bhfoirm cheadúnais nó díolúine ó cheadúnais a chruthaítear faoi reachtaíocht thánaisteach. Tá an t-údarás ag ComReg reachtaíocht thánaisteach a fhorbairt chun ceadúnú nó

díolúine ó cheadúnas a fhaomhadh i gcomhair cineálacha éagsúla d'fhearas gan sreang.

Is í an bhunreachtaíocht a bhaineann le hearnáil an chraolta ná an tAcht um Údarás Craolacháin 1960 leasaithe, an tAcht Radio-Thelegrafaíochta 1988, an tAcht um Chraolacháin 1990, an tAcht Raidió agus Teilifíse 1988 agus an tAcht um Chraolacháin 2001, mar aon leis na hAchtanna Raidió-Theileagrafaíochta. Tá craoltóirí teilifíse agus raidió na hÉireann ceadúnaithe speictream agus fearais a úsáid faoin Acht um Údarás Craolacháin 1960 (i gcás RTÉ) agus faoin Acht Raidió agus Teilifíse 1988 (i gcás conraitheoirí BCI). Tá an tSeirbhís Dháileacháin Ilchainéalach agus Ilphointeach (SDII) agus Sraonairí (a ceadaíonn tarchur clársheirbhísí ar an aer in Éirinn), ceadúnaithe ag ComReg faoin Acht Radio-Thelegrafaíochta 1926. Tá na córais dáileacháin agus craolacháin faoi réir na frámaíochta nua rialála ón AE do na líonraí agus na seirbhísí cumarsáide leictreonaí.

Ní chuirtear na rialacháin nua in áit na nAchtanna Raidió-Theileagrafaíochta 1926-1988 ach faigheann siad tosaíocht orthu. Ó 2003 i leith, caithfear seirbhísí agus líonraí na cumarsáide leictreonaí gan sreanga faoi na hAchtanna sin a dhéanamh de réir riachtanas na rialachán sa bhfrámaíocht.

Tá súil le reachtaíocht nua maidir le rialáil na hearlála cumarsáide leictreonaí sa mheántréimhse mar a leagadh amach sa Ráiteas Straitéise is deireanaí a tháinig ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Áirítear air seo Bille nua um Chumarsáid Leictreonach (Forálacha Ilghnéitheacha), Bille nua Radachumarsáide, a thiocfaidh in áit na nAchtanna Raidió-Theileagrafaíochta 1926-1988 agus reachtaíocht nua chraolacháin.

### *3.3.3 An fhrámaíocht reachtúil d'earnáil an phoist*

Tá na príomhfhorálacha maidir leis an Earnáil Phoist a rialáil leagtha amach sna Rialacháin (Seirbhísí Poist), 2002 (I.R. Uimh. 616 de 2002) ó Choimisiún na hEorpa, a thrasuíonn Treoir Poist Chomhphobal na hEorpa, Treoir 97/67/CE, arna leasú ag Treoir 2002/39/CE. Is é an aidhm atá leis an reachtaíocht Phoist AE ná rialacha a bhunú chun margadh inmheánach a fhorbairt do sheirbhísí poist an Chomhphobail. Tá sé ceaptha a bheith in ann ráthú a thabhairt go soláthrófaí, ar leibhéal an chomhphobail, íosleibhéil seirbhíse uilíche, agus ag an am céanna margadh na seirbhísí poist a oscailt don iomaíocht.

Tá forálacha le fáil i reachtaíocht níos sine freisin, lena n-áirítear an tAcht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide 1983, An tAcht Post-oifige (Postas do Sheachaint), 1937, an An tAcht Post-Oifige (Dleachtanna), 1847, an tAcht Post-Oifige, 1908 (a bhfuil cuid dá fhorálacha fós ar marthain), agus reachtaíocht thánaisteach déanta suas d'ionstraimí reachtúla agus d'orduithe éagsúla.

## 4 Misean Chomreg, luachanna agus Fís

Is cuid thábhachtach d'aon straitéis chorparáideach fís na heagraíochta. Is éard atá mar fhís ag ComReg ná margadh éifeachtach, fuinniúil, iomaíoch a thairgfeadh seirbhísí nuálacha ar phraghas iomaíoch d'úsáideoirí.

Is dóigh linn go gcumasaíonn ár gcuid oibre:

- Seirbhísí le chéile agus barrfhorbartha sa chumarsáid leictreonach do thomhaltóirí na hÉireann ar an luach is fearr;
- Éire a bheith mar chroílár na tráchtála leictreonaí go hidirnáisiúnta agus mar bhunús d'infheistíocht i dtionscal dianeolais;
- Forbairt na hÉireann a fheabhsú i Ré seo na Faisnéise, acmhainn an teacht le chéile sa teicneolaíocht a mhúscailt, agus, as sin, forbairt iomlán shóisialta agus eacnamúil na hÉireann a ghríosadh ar aghaidh.

Agus an méid seo ar intinn, cuireann ráiteas misin ChomReg cuspóirí náisiúnta agus Eorpacha i gcuntas agus tá sé leasaithe de réir aiseolais ó pháirtithe leasmhara. Tá an ráiteas misin leasaithe agus na luachanna leagtha amach thíos:

**Ráiteas an Mhisin**

*Éascóidh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide margadh dinimiciúil, éifeachtach, iomaíoch a fhorbairt do líonraí agus do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí agus don phost chun tairbhe phobail na hÉireann.*

**Luachanna**

Tá misean ChomReg arna bhuntacú trí dhílseacht do chúig chinn de luachanna:

- Ionracas
- Gairmiúlacht
- Neamhchlaontacht
- Éifeachtúlacht
- Trédhearcacht

# 5 Cuspóirí agus straitéisí ChomReg d'earnáil na cumarsáide leictreonaí

## 5.1 Iomaíocht

Is comhpháirt bhunúsach don rialáil éifeachtach í an iomaíocht a chothú. Is eochairghné í an iomaíocht chun a bheith deimhin go mbeidh tionscal inmharthana, tionscal a bhfuil an cumas agus an toil ann táirgí nuálacha a fhorbairt agus éagsúlacht idir táirgí a chothú. Tá bunriachtanas le hiomaíocht freisin le cothrom na Féinne a dheimhniú idir na sean-imreoirí agus na himreoirí nua, rud a dheimhníonn, ina áit féin, go bhfaighidh úsáideoirí an raon táirgí agus seirbhísí a thabharfaidh rogha, ardcháilíocht agus luach airgid dóibh.

Chuir formhór na ndaoine a thug freagra ar ár nDréachtráiteas Straitéise fáilte roimh an gcúram a rinne ComReg ar iomaíocht a chothú i dtréimhse ama an Ráitis Straitéise. Maidir le hiomaíocht de, nochtaigh roinnt freagróirí an tuairim gur chóir do ChomReg díriú ar an lúb logánta a scaoileadh idir seo agus 2007. D'iarr freagróirí áirithe tuilleadh sonraí freisin faoin mbealach a d'fhéadfaimís ár gcuspóirí a bhaint amach maidir le hiomaíocht.

<u>**Is é an beartas iomaíochta atá ag ComReg ná forbairt tionscail fhuinniúil inmharthana a chur chun cinn, tionscal a thairgeann an rogha is leithne agus is nuálaíche d'úsáideoirí agus a dheimhneoidh go mbainfear na cuspóirí sin amach trí na straitéisí seo a leanas:**</u>

- **Frámaíocht na hiomaíochta a uasmhéadú**
  Is éard is cuspóir ann ná ardrogha, luach airgid agus cáilíocht den scoth a chinntiú d'úsáideoirí, agus is trín bhfrámaíocht rialála a leagtar síos chun forbairt na hiomaíochta éifeachtúla a éascú a bhaintear seo amach go coitianta.

- **Iomaíocht ardán a chur chun cinn**
  Is éard is cuspóir ann ná bearta a leagan síos a thugann luach saothair d'oibreoirí as infheistíocht a dhéanamh in infrastruchtúr na cumarsáide agus tionscnamh seirbhísí nuálaíocha atá difriúil óna chéile a spreagadh.

- **Bac a chur le saobhadh sa mhargadh agus le hiompar frithiomaíocha.**
  Is éard is cuspóir ann, chun tairbhe na mbunúsáideoirí, ná iompar na n-iomaitheoirí sa tionscal a fhaire, lena dheimhniú go gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí, agus dul i mbun beartaíochta chun aon iompar frith-iomaíochta a bhac agus/nó a cheartú.

**Deimhneoidh ComReg go mbainfear a chuid chuspóirí amach trí mheán na straitéisí seo a leanas:**

Ag deimhniú ardrogha, luach airgid agus seirbhíse do bhun-úsáideoirí.

Oibriú i gcomhar leis an dtionscal chun nua-tháirgí nuálacha rochtain

| |
|---|
| neamhdhíreach a fhorbairt, ar mhórdhíol, agus ar luach a spreagann iomaíocht inmharthana agus, ag an am céanna, a sheachnaíonn saobhadh na ndreasachtaí infheistíochta. |
| Forbairt an chraolta dhigitigh a spreagadh trí athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar sheirbhísí digiteacha agus scéimeanna a thabhairt isteach, nuair is cuí, chun seirbhísí nua a cheadúnú. |
| Ceadúnú seirbhísí nua a iomchuí a chumasú. |
| Oibriú i gcomhar leis an dtionscal chun seirbhísí seasta agus gluaiste a tharraingt le chéile ar mhodh nuálaíoch, furasta le húsáid agus ag soláthar luach maith airgid do bhun-úsáideoirí. |
| A dheimhniú go mbeidh malairt teicneolaíochtaí ar fáil, cur i gcás rochtain sheasta gan sreanga, ar mhaithe leis an rochtain agus an rogha is leithne de tháirgí agus de sheirbhísí leathanbhanda a sholáthar. |

Iomaíocht idir ardáin a spreagadh

| |
|---|
| Infheistíocht leanúnach in infrastrúchtúr cumarsáide leictreonaí a spreagadh aon áit is iomchuí. |
| Rochtain fhíorúil agus neamhdhíreach a spreagadh faoi dhéin líonraí seasta agus líonraí inghluaiste, ar praghasanna dírithe ar chostas, a ráthódh ráta aischuir inmharthana d'oibreoir an lionra agus a thabharfadh corrlach inmharthana d'oibreoir an líonra fhíorúil. A dheimhniú ag an am gcéanna, go mbeadh an t-aischur iomchuí as an infheistíocht, mar a bheadh idir an rochtain neamhdhíreach agus an infheistíocht in infrastruchtúr, ar chomhchéim leis an bhfiontar ina ngabhfaí. |
| Leanúint ar thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt tionscnamh chun éilimh agus soláthair an leathanbhanda a ghríosadh, mar na Grúpscéimeanna Leathanbhanda agus an Clár Leathanbhanda do Scoileanna. |
| Úsáid teicneolaíochtaí raidió/malartacha a spreagadh, chun tacú le hiomaíochas i gcúrsaí rochtana, in aistharraingt agus/nó i líonraí lárnacha. |

Bac a chur le saobhadh sa mhargadh agus le hiompar frith-iomaíocha.

| |
|---|
| Leanúint ag obair leis an dtionscal chun próiseas trédhearcacha, éifeachtúla a fhorbairt chun an lúb logánta a scaoileadh. |
| Leanfaimíd, céim ar chéim leis an bhfrámaíocht rialála nua, ag úsáid treoracha, bunaithe sa mhargadh, chun anchruthanna/srianta a aimsiú maidir le Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí a sholáthar nó a fháil. Más gá, déanfaimíd socruithe chun beartas a cheapadh a dhéileálfaidh le le srianta nó le hanchruthanna dá leithéid. |
| Feitheoireacht a dhéanamh ar chuntais soiléire agus trédhearcacha ó eircom, ó RTÉNL agus ó oibreoirí ceannasacha na bhfearas ingluaiste. |
| Leanúint ar phraghsáil agus ar phróisis trédhearcacha a chur chun cinn le haghaidh rochtana agus idirnasctha. |
| Dianthástáil chorrlaigh thrédhearcach a thabhairt isteach agus ceann á thógáil ar fhaisnéis íogair thráchtála san am gcéanna. |
| An phraghastheorainn ar eircom a athbhreithniú. |
| Fiosrú a dhéanamh faoi thabhairt isteach praghasteorainneacha mórdhíola aon áit is féidir agus is iomchuí. |
| Cuibheas na margaí atá sainmhínithe cheana a bhreithniú i gcomhthéacs na frámaíochta rialála agus a bhreithniú an bhfuil margaí eile ann dar chóir idirghabháil a dhéanamh iontu. |
| A dheimhniú nach dtugann staid na hiomaíochta fábhar d'oibreoirí thar oibreoirí eile agus, go háirithe, do bhrainsí miondhíola na n-oibreoirí seanbhunaithe. |

## 5.2 Tomhaltóirí

Chuir formhór na bhfreagróirí sa chéad chomhairliúchán fáilte roimh an gcúram a rinne ComReg don tomhaltóir. Rinne freagróirí áirithe an tuairim a nochtadh gur cheart do ChomReg dul i gcomhairle leis an dtionscal sula gcuirfí tionscnaimh na dtomhaltóirí i bhfeidhm. Tugann ComReg aird ar na tuairimí seo. Mar sin féin, is dóigh le ComReg go nglacann siad comhairle maidir le gach cinneadh bunúsach a dhéantar, cibé acu trí chomhairliúcháin poiblí nó trí mheán na bhfóram agus na cumarsáide sa tionscal féin.

Tairgeann an margadh iomaíoch leictreonach buntáistí do thomhaltóirí, cur i gcás praghsáil tharraingteach thrédhearcach, réimse leathan roghanna seirbhísí agus soláthróirí, chomh maith le réimse leathan seirbhísí agus táirgí ardcháilíochta. Tá páirt lárnach ag ComReg freisin chun faisnéise agus oideachais a thabhairt do chustaiméirí faoin mbealach is fearr chun teacht ar tháirgí agus seirbhísí cumarsáidí leictreonaí, agus chun bealaí cúitimh agus tacaíochta a aimsiú d'úsáideoirí i gcás díospóide le soláthróir ar bith.

Mothaíonn an t-úsáideoir atá i seilbh faisnéise níos fearr in ann a b(h)eatha féin a rialú agus is fearr atá sé/sí ábalta na riachtanais seirbhíse agus cáilíochta a chur in iúl. De thoradh ar sin bíonn tionscal na cumarsáide in ann táirgí agus seirbhísí a chur ar fáil atá fíorluachmhar do thomhaltóirí.

**Is é an beartas i leith tomhaltóirí atá ag ComReg ná leas na dtomhaltóirí agus na mbun-úsáideoirí a chur chun cinn agus déanfar socrú cinnte go gcuirfear na cuspóirí sin i bhfeidhm trí na straitéisí seo a leanas:**

- **Leas an tomhaltóra a uasmhéadú**
  Is í an aidhm atá ann ná a dheimhniú go bhfuil rogha leathan, luach airgid agus ardcháilíocht ar fáil do thomhaltóirí agus baintear seo amach de ghnáth trí fhrámaíocht rialála, bunaithe d'aon ghnó chun iomaíocht éifeachtach a éascú agus a fhorbairt.

- **Ag cosaint tomhaltóirí**
  Is í an aidhm atá ann ná bearta a chur i gcrích chun tomhaltóirí a chosaint le linn don iomaíocht a bheith á fhorbairt. Déantar é seo trí bhearta ar leith a chuirtear i bhfeidhm faoin reachtaíocht iomchuí (treoracha AE agus reachtaíocht náisiúnta go hiondual).

- **Feasacht thomhaltóirí a ardú**
  Is í an aidhm atá ann ná faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí a chuirfidh ar a gcumas roghnanna ar bhonn feasa a dhéanamh sa mhargadh, agus, ag éirí as sin, cur le forbairt na hiomaíochta. Déantar é seo trí fhaisnéis a bhaineann le hábhar a fhoilsiú agus trí chaidreamh leanúnach le grúpaí de thomhaltóirí agus lena n-ionadaithe.

**Déanfaidh ComReg deimhin de go mbainfear a gcuid chuspóirí amach trí na straitéisí seo a leanas:**

***Leas an tomhaltóra a uasmhéadú***

| |
|---|
| A chinntiú go bhfuil seirbhís Uilíoch theileafónaíochta sheasta maille, le hidirlíon cúngbhanda ar fáil ag gach saoránach ar iarraidh réasúnta agus ar luach inacmhainne. |
| Athbhreithniú mion a dhéanamh ar an Oibleagáid Seirbhíse Uilíche in Éirinn mar ullmhúchán roimh a athnuachan i Mí Iúil 2006 |

***Ag Cosaint Tomhaltóirí***

| |
|---|
| Deimhniú go mbíonn seirbhís gearáin inrochtana agus éifeachtach ar fáil d'úsáideoirí cumarsáide leictreonaí. |
| Deimhniú go mbíonn oibreoirí géilliúil do chóid cleachtais maidir lena gcuid táillí a léiriú. |
| Faireachán a dhéanamh, i gcomhar leis an gCoimisinéar um Chosaint ar Shonraí, ar úsáid na rogha siartharraingte ón mhargháil dhíreach atá i mBunachar na nEolairí Náisiúnta. |
| Meamram tuisceana a fhorbairt leis an mBord eatramhach nua-cheaptha de Ghníomhaireacht (eatramhach) Náisiúnta na dTomhaltóirí maidir le riachtanais úsáideoirí na seirbhísí agus na líonraí cumarsáide leictreonaí. |
| Faireachán a dhéanamh, trí líne chabhrach ChomReg do thomhaltóirí, ar an iarmhairt ar úsáideoirí d'aon mhí-dhíolachán diúltach nó d'aon chleachtas díolacháin mí-chothrom. Cóiriú a chur i bhfeidhm i gcomhar le gníomhaireachtaí eile chun cleachtais diúltacha dá leithéid in earnáil na cumarsáide leictreonaí a leigheas. |
| Leanúint ag iarraidh ar an bPainéal Comhairleach Seachtrach de Thomhaltóirí atá ag ComReg, cabhair a thabhairt maidir le saincheisteanna tomhaltóirí sna margaí atá faoi Rialáil ag ComReg. |

***Feasacht Thomhaltóirí a ardú.***

| |
|---|
| Faisnéis a chur ar fáil atá soiléir agus sothuigthe ar an láithreán gréasáin www.askcomreg.ie agus trí threoirleabhair d'úsáideoirí a fhoilsiú. |
| Cuidiú le custaiméirí roghanna a dhéanamh, níos mó ar bhonn feasa, ionas go bhfaighidh siad tairbhe as an méadú san íomaíocht agus as an rogha sa mhargadh cumarsáide leictreonaí trí láithreán gréasáin a fhorbairt agus a sheoladh a dhéanfadh Comparáid Idirghníomhach idir Tháillí sna seirbhísí Seasta, Gluaiste agus Idirlín. |
| Suirbhéanna agus taighde a dhéanamh chun go mbeadh an margadh feasach faoi dhearcadh an mbun-úsáideoirí i leith teicneolaíochtaí cumarsáide agus chun feasachta na dtomhaltóirí sa mhargadh Éireannach a ardú maidir leis an réimse seirbhísí agus táirgí. |

## 5.3 Margadh Inmheánach

Tá leibhéal na frámaíochta rialála faoina n-oibríonn ComReg bunaithe ar leibhéal uile-Eorpach ag an Aontas Eorpach. Tá sé curtha ar chumas ChomReg sraith rialacha comhréireacha agus comhchóirithe a chur i bhfeidhm ar an margadh cumarsáide leictreonaí in Éirinn, rialacha atá bunaithe ar phrionsabail neodrachta teicneolaíche, sé sin gan rialáil a dhéanamh ach nuair is gá léi, agus dlí na hiomaíochta a choimeád chun tosaíochta i gcónaí.

Tá an obair atá ar siúl ag ComReg ag brath ar chomh-oibriú le comhpháirteanna rialála san AE, chomh maith leis an gCoimisiún Eorpach trí Ghrúpa Rialálaithe na hEorpa (GRE). Tógann ComReg páirt ghníomhach freisin i roinnt fóram eile, san Eoraip agus sa bhaile, chun a bheith cinnte go leantar an cleachtas rialála is fearr le haghaidh earnála na cumarsáide leictreonaí.
De bhreis ar seo, ós rud é go n-oibríonn roinnt soláthóirí líonraí agus seirbhísí ar bhonn uile-oileánda, leanfaidh ComReg ag comhar go dlúth lena chomhpháirtí Ofcom ar shaincheisteanna uile-oileánda.

- **Ag deimhniú go mbíonn an beartas rialála comhchóirithe leis na beartais sna Ballstáit eile.**
  Is í an aidhm atá ann ná deimhin a dhéanamh de go mbíonn na beartais rialála agus na cinntí a dhéanann ComReg i gcomhréir agus i gcomhoiriúnacht leis an gcur chuige sna ballstáit eile agus tríd sin siúráltacht rialála a dheimhniú do na hoibreoirí.

- **Nuálaíocht a chur chun cinn.**
  Is í an aidhm atá ann ná táirgí agus seirbhísí nuálaíocha a chur chun cinn, trí bheartas éatrom rialála a thacaíonn le tástálacha agus le trialacha sna nua-theicneolaíochtaí.

- **Comh-oibirú rialála a chur chun chinn**

Is í an aidhm atá ann ná comh-oibriú go dlúth le comhpháirtithe rialála san Eoraip agus níos faide anonn chun na cleachtais rialála fearr a ghlacadh agus a choinneáil.

**Déanfaidh ComReg socrú cinnte de go mbainfear a chuid chuspóirí amach trí mheán na straitéisí seo a leanas:**

***Ag deimhniú go bhfuil an beartas rialála comhchóirithe leis na beartais sna Ballstáit eile***

| |
|---|
| Oibriú go dlúth leis an nGrúpa Rialála Idirnáisiúnta (GRI) agus le páirtithe leasmhara eile chun a bheith páirteach in athbhreithniú na frámaíochta nua rialála. |
| Oibriú go dlúth leis an GRI agus le rialálaithe eile chun rannpháirt a ghlacadh san athbhreithniú ar an Moladh maidir le margaí ábhartha. |

***Nuálaíocht a chur chun cinn***

| |
|---|
| Oibriú laistigh de Ghrúpa Rialálaithe na hEorpa chun an chleachtais is fearr ó thaobh rialála an mhargaidh cumarsáide de a chur chun cinn. |
| Réitigh nuálaíocha a chur ar fáil d'úsáideoirí in Éirinn trínár gcuid oibre i bhfóraim idirnáisiúnta mar Choimisiún na hEorpa, an tAontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (AIT) agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) |
| Oibriú go dlúth leis an An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha (RCMAN) ag ullmhú don Chomhdháil Radachumarsáide Réigiúnach i 2006 (CRR-06) a chuirfidh plean le chéile le haghaidh raidió dhigitigh agus seirbhísí teilifíse talmhaí don ré iar-analógach sa todhchaí. |

***Comh-oibriú rialála a chur chun cinn***

| |
|---|
| Leanúint ar aghaidh le páirt ghníomhach a ghlacadh in obair an Ghrúpa Rialála Idirnáisiúnta (GRI) ar leibhéal iomlánach nó ar leibhéal fhoghrúpa. |
| Oibriú go dlúth le hOfcom chun deireadh a chur le bacanna agus le heaspaí trasteorann |
| Leanúint a aghaidh le páirt ghníomhach a ghlacadh in obair Ghrúpa Rialála na hEorpa (GRE) |
| Leanúint do thionscnaimh uile-Eorpach ar speictream a ghríosadh ar aghaidh, cur i gcás Ardáin Rochtana Gan Sreanga do Sheirbhísí Cumarsáide Leictreonaí (ARGSSCL), trín pháirt ghníomhach a ghlacann ComReg sa Ghrúpa um Bheartas Radaispeictream. |

# 6 Cuspóirí agus straitéisí ChomReg um Bhainistiú speictream radaimhiníochta

Tá an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) freagrach as an radaispreictram a bhainistiú agus a úsáid go héifeachtach, ceann de phríomh-acmhainní nádúrtha na hÉireann is ea é. Chun an freastail is fearr a dhéanamh ar riachtanais an mhargaidh, déanann ComReg iarracht ar a dheimhniú go bhfuil an speictream is fearr ar fáil ag an am cuí, chomh fada agus is féidir é sin a dhéanamh.

Sa bhliain 2002 ba í Oifig an Stiúrthóra Rialála Teileachumarsáide (OSRT), réamhtheachtaí ChomReg, an chéad rialálaí san Eoraip a cheadaigh díolúine ó cheadúnas do rochtain gan sreanga sa bhanda 5.8GHz, agus a cheadaigh, chomh luath le 2001, soláthar seirbhísí rochtana poiblí ar an mbanda 2.4GHz. I gcoinne an chúlra seo, tháinig soláthróirí leathanbhanda nua chun cinn sa mhargadh Éireannach, cuid acu ag díriú ar sheirbhísí gan sreanga amháin agus a thuilleadh acu ar ardáin éagsúla.

I Mí na Bealtaine 2005 sheoil ComReg réimeas nua ceadúnaithe le haghaidh seirbhíse raidió agus trialacha teicneolaíochta freisin, tionscnamh a bhéarfaidh Éire chuig tús cadhnaíochta mar bhun-áit i gcomhair taighde agus forbartha. Beifear in ann nua-choincheapa seirbhíse a thástáil dá dheasca sin, i staid luathfhorbartha agus i dtimpeallacht réadúil, chun a bheith cinnte iar sin go mbeidh aon táirgí tráchtála a thiocfaidh chun cinn cumtha go cóir in oiriúint do riachtanais an úsáideora.

Tá straitéis maidir le radaispeictream foilsithe ag ComReg a bhfuil roinnt cuspóirí straitéiseacha luaite innti, mar atá:

Rochtain ar radaíspeictream a éascú, go háirithe i gcás teicneolaíochtaí agus seirbhísí nuálacha;

Na leasa eacnamúla agus sóisialta ag teacht as úsáid an radaispeictrim a uasmhéadú;

Úsáid éifeachtach gann-acmhainní an radaispeictream a chur chun cinn; agus

Géilliúlacht le riachtanais idirnáisiúnta a dheimhniú agus cur isteach díobháileach a sheachaint.

Tá na cuspóirí leathan straitéiseacha seo léirithe sa suíomh atá glactha ag ComReg maidir le speictream le haghaidh seirbhísí ar leith, mar atá sonraithe i gcáipéis ChomReg uimhir 05.73, Ráiteas Straitéise um Bhainistiú Speictrim 2005-2007.

# 7 Ráiteas Straitéise d'Earnáil an Phoist

## 7.1 Brollach

### *7.1.1 Seirbhísí Poist: forbhreithniú gairid*

Tá na seirbhísí poist neamhghnách toisc go bhfuil beirt "chustaiméir" páirteach i ngach idirbheart, an seoltóir agus an faighteoir. Maidir le comhfhreagras, is é an seoltóir a íocann de ghnáth, ach tá oibleagáidí ag oibreoirí don dá thaobh mar is minic gurb é an faighteoir a "éilíonn" an tseirbhís[12]. Maidir le hearraí, tugann iompróirí mearsheachadta agus oibreoirí áirithe eile, mar áis d'allmhaireoirí, roghanna ar a dtugtar "an faighteoir a íocann".

Chuireadh tús le seirbhís Poist sna hoileáin seo i gcéaduair i lár na 17ú Aoise. Bhíodar eagraithe mar mhonaplacht Stáit ó thús, ní ar chúinsí eacnamúla ach chun slándáil an Stáit a chosaint (trí chinsireacht nuair ba ghá).

Ba iad na Leasacháin Poist i lár na 19ú Aoise, lena n-áirítear stampaí poist a chur ar fáil, a chuir luas faoi na Poist a thiontú ina líonraí ollchumarsáide.

Nuair a bunaíodh an tAontas Poist Uilíoch[13] (APU) i 1874 leagadh bunsraith síos le haghaidh chórais chomhnasctha de Phoist náisiúnta, rud a chuir seirbhísí inacmhainne ar fáil ar fud an domhain go léir.


D'eascair Post na bBeart as cinneadh a rinne Comhdháil den APU i bPáras sa bhliain 1880 chun Beartphost Idirnáisiúnta a bhunú. Sa Bhreatain agus in Éirinn d'éirigh leis na comhlachtaí iarnróid agus iompróirí eile, trí stocaireacht a dhéanamh, bac a chur leis an bPost seirbhísí mar sin a sholáthar, cé go mbaintí úsáid go minic as "litreacha" chun nithe beaga a sheoladh.

Cibé acu a úsáideadh é le haghaidh leitreacha nó beartáin a sheoladh, bhí sé chinn de ghníomhaíochtaí dífrúla i 'slabhra luacha an phoist' sa dhá chéad bliain atá caite de réir mar a léirítear i bFigiúr 7.1.1 thíos. Roimh 'slabhra luacha an phoist', .i. roimh nithe a chur sa phost, bhí ar an lucht seolta clúdaigh agus páipéar a cheannach chun a gcuid teachteachtairí a scríobh nó chun beartáin earraí nó eile a chlúdach.

[12] I ndlínsí an dlí choitinn de ghnáth is leor litir a chur sa bphost chun freagracht an tseoltóra a chomhlíonadh agus iompraíonn an faighteoir aon riosca as aon chaillteanas nó damáiste a tharla le linn seachada.

[13] An tAontas Poist Ginearálta (GPU) a tugadh air i dtosach, d'athraíodh an ainm go dtí an tAontas Poist Uilíoch i 1878 agus rinneadh gníomhaireacht speisialta de na Náisiúin Aontaithe de i Mí Iúil 1948

**Figiúr 7.1.1 Slabhra Traidisiúnta Breis Luacha an Phoist**




Tá toradh na n-athruithe san imshaol teicniúil ar  Shlabhra Luacha an Phoist faoi chaibidil in alt 6.3.4.  In imeacht na n-aoiseanna, bhí an nuálaíocht, an forleathnú geografach, agus an brú chun praghsanna a ísliú á ngríosadh ag feachtais poiblí agus trí fhiontraíocht an lucht gnó.[14] Go dtí blianta beaga anuas ghlac na monaplachtaí le bunsmaointe ó aon iomaitheoirí ar éirigh leo.  Níl ach go déanach, nuair a tháinig na cúiréirí idirnáisiúnta ar an bhfód go raibh bealaí úra buanseasmhacha ar fáil, agus, fiú amháin ansin, le haghaidh custaiméirí gnó amháin.  Bíodh is gur cheadaíodh seirbhísí mar sin *de jure* i dtíortha móra áirithe, níor oibrigh siad ach *de facto* i gcuid mhaith de thíortha na hEorpa, Éire san áireamh.  Sé sin nó go rinne an chéad Treoir Poist an cheist sin a rialáil.[15]

### *7.1.2 Na margaí ina n-oibríonn na seirbhísí poist*

Ag teacht le cuspóirí na leasuithe a rinneadh ar an bpost sa 19ú Aois, bhí monaplachtaí *de jure* ag oibreoirí poist ar iompar litreacha go traidisiúnta. Is gnách, má bhíonn monaplachtaí *de jure* i bhfeidhm ar mhargadh ar bith, ni bhíonn an fhorbairt chéanna sa mhargadh sin i gcomparáid le margaí lán-iomaíocha.[16] Chomh maith le sin, de bharr malairtí a bheith ar fáil (mar fhógraíocht sna nuachtáin agus trí chumarsáid leictreonach) atá ábalta éileamh an mhargaidh a shásamh, go páirtiúil ar a laghad, cuireann sin srianú breise ar fhorbairt an mhargaidh.

---

[14] Ba é an céad sampla dá leithéid sin ná bunú "Penny Post" áitiúil i Londain ag duine dárbh ainm dó William Dockwa sa bhliain 1680

[15] Féach an Páipéar Glas faoi Fhorbairt an Mhargaidh Aonair le haghaidh Seirbhísí Poist, COM(91)476.  In Éireann thug an Alt 63 den Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide príbhléid eisiach do An Post, agus níor aisghairmeadh é seo go dti 27ú Meán Fómhair 2000 (S.I. 310 do 2000.

[16] Féach Iarscríbhinn B le haghaidh níos cuimsithí faoi bhunús agus toradh na monaplachtaí poist.

#### 7.1.2.1 Margaí Miondhíola i gcomhair Custaiméirí Gnó

Baineann idir 80% agus 95% do na píosaí poist a láimhseálann na "soláthróirí seirbhíse uilíche náisiúnta" le custaiméirí gnó, ag brath ar cé acu tír atá i gceist[17] Is cuma más gnó eile (G>G) é an faighteoir, nó más tomhaltóir príomháideach (G>T) é, tá malairtí ar fáil d'fhormhór d'úsáideoirí poist den chineál sin. Trí na margaí poist a oscailt le haghaidh lán-iomaíochta – sin a chuirfidh ar chumas an mhagaidh phoist a lán-acmhainn a bhaint amach.

#### 7.1.2.2 Miondhíola i gcomhair Tomhaltóirí Príobháideacha

I dtosach na 20ú Aoise, chuir daoine príobháideacha céadatán an-mhór as an iomlán den phost amach. Sna tríocha bhliain deiridh den 20ú Aoise, áfach, le teacht an seirbhísí cumarsáide leictreonaí inacmhainne, tá deireadh beagnach curtha le páirt an Phoist i margadh na dteachtaireachtaí. Faoi láthair níl ach idir 6% agus 8% d'iomlán na litreacha a sheoltar[18] curtha ó chustaiméirí príobháideacha chuig daoine príobháideacha eile (Tomhaltóir go Tomhaltóir, T>T).

Baineann céadatan mór as seo le cartaí beannachtáin agus cuirtear a bhformhór siúd sa phost sna seachtainí roimh Nollaig. Tá malairt rogha ag custaiméir rudaí a sheachadadh de láimh agus tá miondhíoltóirí ann atá sásta "bronntanais" mar bhlátha agus seacláidí a sheachadadh in ionad an chártá bheannachtáin.

Baineann an roinn idir an Tomhaltóir agus Gnó (T>G) le comhfhreagras agus le hidirbheartaíocht. Tá mionghné den roinn T>G ag baint le seachadadh láimhe, go hiondual ag baint le haischuir earraí gan iarraídh/earraí briste, nó earraí le haghaidh deisiúcháin.

#### 7.1.2.3 Margaí mórdhíola i gcomhair oibreoirí eile

Tá léirsmaoineamh na seirbhíse uilíche (domhanda) poist bunaithe ón dtús ar na Poist náisiúnta, ar bhonn comhaontuithe idirnáisiúnta, rud a chuireann seirbhísí mórdhíola ar fáil d'oibreoirí poist i dtíortha thar lear.

Le blianta anuas tá seirbhísí den chineál arna dtairiscint ag mórchuid oibreoirí do chomhdhlúthóirí poist agus do chomhlachtaí ullmhúcháin phoist (e.g. clódóirí agus comhlachtaí eile a sholáthraíonn clóbhualadh agus/nó scríobh seoltaí agus iniamh ar bhonn foinsithe allamuigh) agus do mhórsheoltóirí poist ar féidir leo a bpostas a thabhairt ar láimh chuig oibreoir in ord réitithe i gcomhair a sheachadta.

#### 7.1.2.4 Teacht na hiomaíochta

Mar a tugadh faoi deara thuas tháinig roghanna malartacha ar na monaplachtaí Stáit ar an bhfód go fíorluath. Ba é an chéad sampla dá leithéid ná an *Penny Post* a sheoil William Dockwra agus a chomhpháirtí William Murray sa bhliain 1680, chun freastal

[17] Féach "*Main Devilopments in the European Postal Sector*" WIK le haghaidh Choimisiúin na hEorpa 2004, leathnaigh 111-112

[18] Féach "*Main Devilopments in the European Postal Sector*" WIK le haghaidh Choimisiúin na hEorpa 2004, leathnaigh 111-112

ar an éileamh i gcomhair séirbhíse áitiúla poist i gcathair Londain. Bhí ceann-oifig acu i Sráid Lime agus seacht gcinn d'oifigí sórtála. Laistigh de dhá bhliain bhí sin méadaithe go dtína cheithre nó a chúig de thithe glacthachta agus teachtairí acu ag seachadadh idir 5 nó 15 uair sa lá. Mar thoradh, chaill Dockwra an *Penny Post* agus chorpraíodh é le hArd-Oifig an Phoist[19] sa bhliain 1682.

Ag scríobh dóibh faoi Penny Post Dockwra agus faoi na nuálaíocha iar sin, dúirt na stairithe poist Feldman agus Kane[20] (arna thiontú go Gaeilge anseo):

> *"Is díol iontais é, mar chuid de stair Oifig an Phoist gur daoine ar an dtaobh amuigh a rinne na nuálaíochaí tabhachtacha agus na leasúcháin go léir, daoine nár éirigh leo de ghnáth go dtí go raibh cloíte acu ar an bhfreasúracht tréan a chuir Oifigigh na Post-Oifige ina gcoinne. Mar sin féin bhí cás Dockwra rud éigin difriúil. Ligeadh dó an Penny Post a bhunú, roinnt mhór Tithe Glacthachta a oscailt agus an tionscadal a reachtáil le scil agus le héifeacht. Mar sin féin, níor chuir na dea-thorthaí sin le dea-chlú pearsanta Dhockwra. D'éirigh thar barr leis an Penny Post mar thuilleamhaí airgid agus b'shin an rud a chaill Dockwra Bhí Oifig an Phoist ábalta breithniú anuas go treallúsach ar obair Dhochwra de réir mar a bhí sé ag forbairt, ag pleanáil nó ag caitheamh a chuid airgid, ach, chomh luath is a tháinig sé go dtí an pointe go ndearna sé brabús, chuireadh neart an dlí go hiomlán ina choinne.".*

Níl ach go fíordhéanaí a cheadaíodh iomaíocht cheart maidir le soláthar seirbhísí i gcomhair litreacha a iompar. I dtús báire, sa bhliain 1972 cheadaigh SAM iomaíocht 'i gcoinne srutha' (Bailiúchán, Sórtáil agus Iompar, ón seoltóir chuig an oibreoir), agus ó 1981 ar aghaidh cheadaigh an Bhreatain iomaíocht ar choiníoll go raibh an praghas a íocfaí os cionn £1. I rith na tréimhse céanna bhí na cuideachtaí mearsheachadta ag forbairt seirbhísí cúiréireachta ar fud an domhain – le húdáras *de jure* i dtíortha áirithe agus tíortha eile ag nglacadh leo *de facto.* Tugadh iomaíocht iomlán isteach sa tSéalainn Nua i 1987 agus sa tSualainn i 1992.

Sa bhliain 1991 d'fhoilsigh Coimisiún an hEorpa an Páipéar Glas ar Léirscaoileadh na seirbhísí poist agus sa bhliain 1997 tháinig an chéad Treoir Phoist[21] amach mar dhlí. Faoin dTreoir seo, bhí na seirbhísí a d'fhéadfaí a "fhorchoimeád" i gcomhair soláthróirí de sheirbhísí uilíocha, oibreoirí ainmnithe laistigh den AE, teoranta do sheirbhísí a bhí ag baint le glanadh amach, sórtáil, iompar agus seachadadh píosaí faoi bhun 350g meáchana. B'shin ar an gcuntar go raibh an praghas a ghearrfaí níos lú ná an an bhuntáille arna méadú faoi chúig.[22]

---

[19] http://www.victorianweb.org/history/letters/1791.html

[20] Feldman and Kane, "Handbook of Irish Postal History to 1840", David Feldman (Ireland) Ltd 1984

[21] Treoir 97/67/CE 15ú Nollaig, 1997

[22] Cúig oiread na táille poiblí le haghaidh míre comhfhreagrais ar an gcéad chéim mheachana den chatagóir is mire.

Glacadh leis an dara Treoir Phoist[23] sa bhliain 2002; i bhfeidhm ón 1ú Eanáir 2003. Laghdaigh sin ar raon na meáchana sa réimse forchoimeádta chuig 100g (agus an bhuntáille méadaithe faoi thrí mar theorainn ar an bpraghas). De réir na Treorach seo freisin, tá an 1ú Eanáir 2009 leagtha síos mar spriocdháta le haghaidh mhargaidh an phoist laistigh den AE a léirscaoileadh go hiomlán. Tá sé i gceist ag roinnt mhaith tíortha, mar an Iorua, an Bhreatain, an Ísiltír, agus Ghearmáin na srianta a bhaint tráth níos luaithe ná an dáta seo, agus i dtíortha mar an tSualainn, an Fhionlainn, an Eastóirn agus an tSéalainn Nua, tá na margaí poist acu siúd lán-oscailte don iomaíocht cheana féin.

In Éirinn, d'oscail an Rialtas an margadh lán-iomaíochta do phost ag dul amach thar teorainn ón 1ú Eanáir, 2004, ag teacht le tráthchlár an AE le haghaidh margadh inmheánach de sheirbhísí poist a chruthú. Ón ndáta céanna, bhí ar sholáthróirí seirbhísí poist in Éirinn, a raibh láimhdeachas os cionn €500,000 (gan CBL) acu, Údarú um Sheirbhís Poist d'fháil ó ChomReg. Faoi Mheitheamh, 2005, bhí 23 Údaruithe um Sheirbhís Poist eisithe ag ComReg.

Ó Mhí Eanáir 2006 beidh laghdú eile ar an méid seirbhísí poist a bheidh "forchoimeádta" ag An Post. Ní bheidh de sheirbhísí fágtha ansin, nach féidir le hiomaitheoirí a sholáthar, ach iad siúd atá ag baint le míreanna comhfhreagrais, i gcomhair seachadta in Éireann, atá faoi bhun 50g meáchana agus iad praghsáilte níos lú ná an bhuntáille méadaithe faoi 2 ½ (sé sin faoi láthair €1.20 = 2½ x 48c.). As an dáta sin amach beidh cead ag iomaitheoirí na litreacha go léir a sheachadadh, ar an gcoiníoll go bhfuil meáchain níos mó ná 50g iontu.

Is éard adeir Tuarascáil an Dara Iarratais[24] an Choimisiúin Eorpaigh (Márta 2005, arna thiontú go Gaeilge anseo) ná:

> *"Chun a bheith cinnte gur féidir le tomhaltóirí tairbhe leanúnach a bhaint as an Margadh Inmheánach, tá sé riachtanach luas an leasaithe rialála a choinneáil (comhthreormhar le seo) agus a bheith dílis don tráthchlár atá leagtha síos sa Treoir chun Margadh Inmheánach le haghaidh seirbhísí poist a chur i gcrích. Níl aon fhianaise le fáil sna forbairtí go dtí seo a thacaíonn le hathrú ar bith a dhéanamh sna spriocanna mar atá leagtha amach sa Treoir Phoist."*

Tá Coimisiún na hEorpa chun tuarascáil eile a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid Chomhairle na nAirí faoi dheireadh Mí na Nollag 2006. Tá sé i gceist ag Coimisiún na hEorpa comhairliúchán poiblí a sheoladh faoi dheireadh na bliana seo, chun an fhrámaíocht rialála a fhorbairt, sé sin chomh luath is a bhíonn an margadh inmheánach le haghaidh seirbhísí poist curtha i gcrích go hiomlán sa bhliain 2009.

---

[23] Treoir 2002/39/EC, 10ú Meitheamh, 2002 (ag leasú Treoir 97/67/EC maidir le seirbhísí poist an Chomhphobail a oscailt níos leithne don iomaíocht)

[24] Tuarascáil ar iarratas na Treorach Poist (Treoir (Treoir 97/67/EC arna leasú ag Treoir 2002/39/EC) – COM(2005)102 deireadh agus iarscríbhinn

## 7.2 Anailís Imshaoil

Is í an chéad chéim shár-riachtanach in aon athbhreithniú straitéise ná na bunfhorbairtí san earnáil faoi chaibidil a bhreithniú go grinn. Scrúdófar sa chaibidil seo príomhthreonna imeachta san earnála poist agus freisin príomhthreonna imeachta eacnamaíochta na hÉireann:

- Nádúr sóinseálach na seirbhísí poist.
- Frámaíocht rialála ag éabhlóid.
- Nua-ghnáis úinéireachta ag teacht isteach
- An t-imshaol teicniúil
- An t-imshaol gnó agus an post

Rinneadh an t-imshaol eacnamúil agus an t-imshaol reachtúil a phlé sna haltannn 3.2.1 agus 3.3.3 faoi seach.

### *7.2.1 Nádúr sóinseálach na Seirbhísí Poist*

I féidir a thabhairt faoi deara in Éirinn go bhfuil athruithe iomlán i gcomhdhéanamh an phoist litreach anois, mar shampla:

- Tá an iomaíocht ó na meáin leictreonacha, mar atá an teileafón (seasta agus gluaiste), ríomhphost, idirlíon agus teilifís idirghníomhach (TFi) ag laghdú an cheadatáin den phost, i bhfoirm chomhfhreagrais ghnó, a thagann ó úsáideoirí phíobháideacha. [25]

Ar an dtaobh eile, tá buntáistí sonracha le fáil fós ag custaiméirí gnó as na seirbhísí poist i gcás cuid dá dteagmhálacha le custaiméirí agus le gnónna eile, thar a bhfuil le fáil ón gcumarsáid leictreonach. De réir taighde a rinneadh le gairid, tá lui fós ag daoine leis an ngnáthphost díreach i gcompráid le bealaí eile. Is fearr le formhór na ndaoine an gnáthphost díreach a fháil i gcompráid le daoine atá i bhfábhar an ríomhphoist nó na tionscnaimh teileamhargaíochta.[26]

- De réir an Staidéir Dhomhanda Thagarmharcála "Cad a Thiomáineann an Post Direach? Ollmhéid Poist Tuartha vs. Ollmhéid Poist Dáirire"[27] níl leibhéal an phoist *per capita* a sheoltar in Éirinn ach 53% faoin gcéad den mhéid a rabhthas ag súil leis ar bhonn na bhpríomhtháscairí eacnamaíocha náisiúnta a dhéantar a chomhghaolú le hollméideanna poist idirnáisiúnta. Níl

[25] Féach *"Main Developments in the European Postal Sector", WIK* i gcomhair Choimisiúin na hEorpa 2004, Tábla 5.1.8 leathanach 115

[26] Féach go speisialta leathanach 15 i "Mail Trends" Fouad H. Nader (Adrenale Corporation) i gcomhair Pitney Bowes Inc

[27] Tuarascáil taighde ag Bryan Cassady, Postal Solutions, An Bheilg, 2003

an leibhéal ach 47% de mhéid a rabhthas ag súil leis mar thoradh ar an gcaiteachais náisiúnta fógraíochta amháin.

Bhí na seirbhísí beart agus pacáistí oscailte riamh do dhian-iomaíocht agus anois is léir go bhfuil próiseas comhdhlúite ar bun go hidirnáisiúnta. In Éirinn, dúnadh Seirbhísí Speisialta Seachadta (SSS) le déanaí agus tá na seirbhísí beart curtha ar ais i bpríomhshruth an ghnó. Maidir leis an iomaíocht idir an mhargaíocht dhíreach/an dáiliúchán lárnach d'earraí agus an dáiliúcháin mhiondhíola agus, (go speisialta), an méadú ar thábhacht na ríomhthráchtála, tá seo ag cur leis an éileamh ar sheirbhísí comhlíontacha agus ag bisiú an chodáin Gnó go Tomhaltóir (G>T) de mhargaí na mbeart le haghaidh a bhfuil d'oibreoirí fágtha. [28]

### *7.2.2 Frámaíocht rialála ag éabhlóid*

Faoi láthair tá margaí poist ag sé thíortha atá lán-oscailte don iomaíocht – an tSualainn, an Fhionlainn, an tSéalainn Nua, an Cholóim agus an Airgintín.[29] Tá sé curtha rompu ag roinnt tíortha, an Bhreatain, an Ghearmáin, an Ísiltír agus an Iorua san áireamh, a gcuid mhargaí a oscailt don iomaíocht go luath. I gcás na Breataine chomh luath le Mí Eanáir 2006. Tá an tréimhse eatramhach a tugadh chun am a thabhairt d'oibreoirí eile san Eoraip le coiníollacha Chonartha an AE/Chomhaontaithe Cheantair Eacnamaíoch na hEorpa (CEE) a chomhlíonadh, le críochnú ar an 1ú Eanáir 2009.

Tá an tríú Threoir Phoist, ag leagan amach na frámaíochta rialála a bhéas ann tar éis deireadh na tréimhse eatramhaí, le bheith curtha faoi bhráid Parlaiminte an hEorpa agus faoi bhráid Comhairle na nAirí ag deireadh 2006. Tá sé curtha roimhe ag Coimisiún na hEorpa comhairliúchán poiblí a sheoladh roimh deireadh na bliana seo chun frámaíocht oiriúnach rialála a cheapadh chomh luath is atá an margadh inmheánach le haghaidh seirbhísí poist curtha i gcrích go hiomlán sa bhliain 2009. Is féidir go mbeadh níos mó saoirse á thabhairt d'oibreoirí poist faoi na cineálacha seirbhísí a roghnóidís agus faoin gcaoi a chuirfí chun na hoibre. Is féidir go mbeadh aon idirghábháil rialála teoranta don fheidhmiú *ex-ante* de phrionsabail dlí na hiomaíochta. Ach, chomh maith leis sin, mar atá an scéal sa bhfrámaíocht theileachumarsáide faoi láthair, d'fhéadfadh eisceachtaí agus malairtí a bheith ann i gcúinsí áirithe. D'fhéadfaí cur le comhpháirt agus comhachtaí na nÚdarás Rialála Náisiúnta (URN) i sainréimsí lárnacha, cosúil le cuntasóireacht agus praghsáil.

Áitíonn An Post go bhfuil an idirphlé, ar an leibhéal Eorpach, mar gheall ar an gcéad chéim léirscaoilte eile den mhargadh, faoi smacht ag síorchur is cúiteamh mar gheall ar an Oibleagáid um Sheirbhís Uilíoch (OSU) – faoi chonas is féidir í a shainmhíniú, conas a dhéanfar costas OSU a áireamh, conas a dhéanfar an costas a mhaoiniú agus an bhfuil an OSU faoi bhagairt ag tuilleadh léirscaoilte breise amach anseo.

[28] Féach *"Main Developments in the European Postal Sector", WIK* i gcomhair Choimisiúin na hEorpa 2004, leathanaigh 141-144 agus 205-206

[29] "Liobrálú cosmaideach" a thug Econrys ar am saghas saormhargaidh ar ghlacadh leis sa bhFionlainn agus san Eastóin i staidéar i gcomhair Choimisiúin na hEorpa, toisc, in ainneoin gur baineadh anuas na bacainní dlíthiúla go bhfuil na bacainní fioscacha fós sa bhealach sna tíortha sin.

Is féidir gurb í seo an tsaincheist is deacra atá ag déanamh imní do na hoibreoirí poist úd a áitíonn go mba cheart dóibh íocaíochtaí cúitimh a fháil mar fhóirdheontas chun seirbhís uilíoch a chur ar fáil nuair a bhíonn na margaí lán-oscailte don iomaíocht[30] Faoi na gnáthrialacha i gcúiteamh Stáit, déanfaí íocaíochtaí mar sin le hoibreoirí a dhéanfadh an tairiscint iomaíocha is fearr. Ní leanfadh sé mar sin, fiú dá bhféadfaí an íocaíocht sin a chosaint ar bhonn na córa[31], gurb iad na soláthróirí uilíocha atá ann faoi láthair a gheobhadh an cúiteamh as.

Mar sin féin, déanfaidh an comhairliúchán a sheolfaidh Coimisiún na hEorpa níos déanaí sa bhliain seo, mar a luadh thuas, díriú ar réimse ceisteanna atá i bhfad níos leithne, réimse a bhaineann le frámaíocht rialála a oireann do mhargadh lán-oscailte.

### *7.2.3 Nua-ghnáis úinéireachta ag teacht isteach*

Faoí láthair níl ach dhá oibreoir poist san Eoraip luaite san Stocmhargadh – TNT (NL) agus DPAG (An Ghearmáin)[32], cé go bhfuil leas urlámhais fós ag rialtas na Gearmáine fós in DPAG. Is leis an Stát an chuid eile, cé go bhfuil Rialtais atá ag iarraidh fáil réidh le cuid dá scairchaipiteal sna hoibreoirí náisiúnta, lena n-áirítear an Danmhairg[33], an Ostair, an Iodáil agus an Bheilg.

Tá na hoibreoirí móra náisiúnta, DPAG, TNT, Royal Mail, La Poste (An Fhrainc) tar éis Líonraí uile-Eorpacha a thógáil cheana féin le haghaidh beartphost agus mearsheachadta agus tá sé i gceist ag cuid mhaith díobh sin an rud céanna a dhéanamh le litreacha. In ionad leasanna a fháil sna hoibriúcháin náisiúnta poist i dtíortha eile, bainfear é seo amach, de réir gach dealraimh, trí na líonraí seachadta le haghaidh pacaeidí agus bearta atá ann a fhorbairt níos fearr, nó trí oibreoirí náisiúnta nó logánta a fháil i margaí comhlántacha (go háirithe billeoga gan seoltaí a sheachadadh). Tá dhá líonra náisiúnta in Éireann a dhéanann post gan seoltaí a sheachadadh (.i. de bhreis ar an *Publicity Post* de chuid An Phoist) agus ceann eile adeir go bhfriothálann sé 800,000 teaghlach, agus tá cuideachtaí eile bunaithe go háitiúil.

### *7.2.4 An t-imshaol teicniúil*

Cuirfidh na forbairtí teicniúla atá ag baint le tuilleadh uathoibrithe i bpróiseáil an phoist go mór le tuilleadh laghduithe i gcostas na n-aonad, agus déanfaidh na forbairtí i gcóras ullmhúcháin an phoist, go háirithe i ndáil le post gnó a ghintear trí ríomhairí, an slabhra luacha traidisiúnta a athmhúnlú de réir a chéile (féach Figiúr 7.2.4). Is féidir le han-chuid de na príomhsheoltóirí an post a thairiscint anois in ord a

[30] Ní fios go soiléir cad as a thiocfadh íocaíochtaí dá leithéid. De réir mar a sheasann dlí na hEorpa faoi láthair, ní féidir iarraidh ar sholáthróirí seirbhísí, iad siúd lasmuigh de scóip na seirbhísí uilíocha, go háirithe iompróirí mearsheachadta nó seirbheálaithe breisluacha eile, ní féidir iarrraidh orthu sin íoc istreach "i gciste chuitimh seirbhíse uilíche". Is ar éigin a bheadh na Rialtais sásta é a thabhairt as an gcáineachas ginearálta

[31] Tá sé léirithe ag roinnt staidéar a rinneadh gur tairbhe agus nach eire ar an soláthróir "seirbhís uilíoch" a chur ar fáil. Mar shampla, féach doiciméad Postcom "*An assessment of the cost and benefits of Consignia's current Universal Service Provision*", Iúl 2001.


[32] Lasmuigh den Eoraip, rinneadh príobháidiú ar Phost-Oifig na hAirgintíne, agus bhi drochthoradh ar fad ar an iarracht mar gheall ar chaipitiliú easnamhach agus, b'fhéidir an t-imshaol polaitiúil-eacnamúil sa tír.

[33] Le déanaí dhíol Rialtas na Danmhairge 25% den scar a bhí acu le Cuideachta Fhiontarchaipitil

sheachadta, agus is éasca mar sin a ghabhann siad síos le sruth i slabhra luacha an phoist. Is féidir leo na gníomhaíochtaí traidisiúnta cosúil le Bailiúchán, Sórtáil agus Iompar a úsáid le haghaidh píosaí "aonmhíre" amháin.

Ar an dtaobh eile beidh dea-bhail ar na na hoibreoirí poist atá ann faoi láthair chun bogadh leo suas i gcoinne an tsrutha isteach i margadh ullmhúcháin an phoist, ag úsáid na deiseanna sórtála agus an saineolas atá acu cheana féin. Mar sin féin, beidh iomaíocht láidir sa mhargadh seo 'i gcoinne an tsrutha', de réir mar a bhíonn neart custaiméirí gnó sa tóir ar réitigh gasta gan dua chun post a sheoladh, réitigh a bhéas ar bharrchumas teicneolaíochta agus nuálachais.

**Figiúr 7.2.4 Slabhra Luacha an Phoist, Athmhúnlaithe**




Faoi láthair, táthar ag déanamh meastóireachta maidir le postchóid a thabhairt isteach. Chruthódh sin deiseanna nua i margadh an tseachadta. Bheadh cuspóirí cosúil le haimsiú an bhealaigh is oiriúnaí, bealach a thugann roghanna difiriúla seachadta[34] do chustaiméirí mar aon le deiseanna breis luacha mar "lorg agus rianaigh". Déanfaidh na forbairtí teicniúla cuidiú leis na deiseanna seo uilig.

Cuidíonn seo leis an dtuairim go mbeidh saintréithe nó fiú lánchumas na n-oibreoirí poist atá seanbhunaithe anois, amach anseo ag baint le cúrsaí seachadta. Mar sin, beidh orthu feasta dul i mbun modúil níos solúbtha agus níos éifeachtaí a chleachtadh.

### *7.2.5 An t-imshaol gnó agus an post*

Tá sé níos deacra fós an t-éileamh ar sheirbhísí poist sa todhchaí a thuaradh. Tá an-teacht aniar sa phost mar mheán. Cé go bhfuil sé ar an saol le trí chéad bhliain bhí sé de shíor ag méadú dtí blianta beaga anuas.

Tá dhá thuarascáil an-úsáideach foilsithe le deireannas ag Pitney Bowes Inc. – "Mail Treads" agus "Forecasts", an dhá cheann le Fouad H. Nader (Adrenale Corporation). I measc na bpríomhfhionnachtain i dtaobh margaí domhanda iontu tá na nithe seo a leanas:

- Go traidisiúnta bhí comhghaol idir an fás in ollmhéid an phoist agus an fás i ngníomhaíocht eacnamaíoch. Beidh aon fhás sa phost sa todhchaí nios moille ná an fás san Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN). In ainneoin sin chuaigh na hollmhéideanna suas sa bhliain 2004, 3% ar an meán san Eoraip agus 1.7% sna Státaí Aontaithe.
- Tá an caiteachas fógraíochta ag lucht gnó ag fás níos tapúla anois ná an Olltáirgeacht Náisiúnta ina hiomláine agus léirítear é sin sa mborradh atá faoi na hollmhéideanna sa dírphost idirnáisiúnta. Is

[34] e.g. roimh 9 r.n., roimh nóin, tar éis 6 i.n.

féidir go bhfuil glactha anois leis na billóga fógraíochta gan seoltaí mar mhalairt ar na seirbhísí dírphoist atá ar phraghas níos daoire.

- Dealraíonn sé go raibh an toradh a bhí ag an trasmhalartú leictreonach ar na hollmhéideanna poist ábhar éigin níos lú ná mar a bhíothas tuaradh roimhré. (Féach freisin conclúid an AE arna thuairisciú thíos).

- Is féidir freisin, b'fhéidir, cuid den laghdú ar na hollmhéideanna, a tuairiscaíodh i dtíortha áirithe, a chur síos d'iomaíocht ó oibreoirí poist príobháideacha (OPPanna), agus d'oibreoirí poist eachtranacha ag gníomhú i margaí a chéile agus don bhaint siar nó ceartchóiriú ag custaiméirí a raibh arduithe praghsanna ag goilliúint orthu.

Tá an tuarascáil "*Mail Trends*" tar éis teacht ar roinnt conclúidí áirithe le haghaidh srutha áirithe den phost (Gaeilge curtha ar na sleachta):

> *"Tá pátrún bunúsach an phoist idir gnó agus teaghlaigh gan athrú go ginearálta. Tá timpeall 85-90% den phost ag teacht fós ó fhoinsí gnó. Ar leibhéal níos mine, tá an post idir gnó agus teaghlaigh ag fás fós go ginearálta. Tá laghdú tosaithe anois sa phost idir gnónna, tar éis a bheith ag fás ar feadh na mblianta. Léirítear anseo an teacht aniar atá sa phost in ainneoin an mhéadaithe ollmhóir le fiche bliana anuas ar an gcumarsáid leictreonach idir gnónna. De ghnáth tá an post idir teaghlaigh agus gnó ag fuireach cothrom nó ag laghdú, agus sa bheagán de thíortha ina úsáidtear seiceanna go forleathan fós le haghaidh íocaíochtaí, is dóchúil go mbeidh laghdú sa tsruth seo freisin amach anseo. Is ionann an post idir theaghlaigh agus céadatán beag den iomlán. Tá na cártaí beannachtáin mar shruth láidir fós i roinnt tíortha agus tá an comhfhreagras idir dhaoine laghdaithe go híosphointe le fada le forleathnú na seirbhísí teileafóin le leathchéad bliain anuas."*

Is éard adeir Tuarascáil an Dara Iarratais[35] an Choimisiúin Eorpaigh (Márta 2005, arna thiontú go Gaeilge anseo) ná:

> *"Tá sonraí níos cruinne de dhíth chun aithne níos grinne a chur ar threonna an mhargaidh. Ba chóir a thabhairt faoi deara, cé go bhfuil laghdú sna hollmhéideanna sa todhchaí réamh-aitheanta ag go leor oibreoirí poiblí, ní léir go bhfuil aon staidéir domhain foilsithe ag dearbhú na hipitéise sin. Beidh tuilleadh faireacháin ar an margadh de dhíth chuige sin agus tuilleadh tiomsaithe de shonraí iomchuí"*

Áitíonn An Post go bhfuil laghdú sonrach sna hollmhéideanna litreacha le blianta beaga anuas. Tá a chuid tuairimí féin ag ComReg faoin gcóras méideanna a thomhas atá ag An Post agus tá plé ar sin sa pháipéar comhairliúcháin 05,68R2 – tograí An Phoist chun praghas na Seirbhíse Poist Teaghlaigh 2005 a mhéadú.

---

[35] Com-2005-102 iarscríbhinn leathanach 38

Mar fhreagairt ar an ngá atá le sonraí níos trédhearcaí a chur ar fáil, tá na hoibreoirí poist is mó chun cinn ag coinneáil na stampaí poist le haghaidh seirbhísí miondhíola litreacha amháin. Úsáideann siad uathoibriú cuntair chun an praghas a ghearrtar ar litreacha, ar phaicéidí agus ar bhearta atá níos troime agus níos daoire a áireamh. Déanann oibreoirí poist i dtíortha áirithe, mar shample An Iorua, dreasachtaí airgid a thairiscint do chustaiméirí chun meaisíní frainceála 'staid-na-healaíne' a úsáid, meaisíní atá in ann an tseirbhís a úsáideadh chomh maith leis an bpraghas a léiriú.

Ó thaobh an tsoláthair de, tá fianaise ann go bhfuil líonraí nua ag teacht ar an saol i dtíortha cosúil leis an tSualainn, an Ísiltír agus an Ghearmáin. Chun go mbeadh an rath ar iarrachtaí den tsórt, is dealrach gurb iad na príomhchoiníollacha bheadh le comhlíonadh ná:

- Uirbiú ar ardleibhéal
- Arddhlús daonra i limistéir uirbeacha.
- Ardléibhéil poist *per capita*
- Easpa toile ag na hoibreoirí atá i bhfeighil seirbhísí "mórdhíola" (seachadadh amháin) a chur ar fáil.

Is gnách go mbíonn buntáistí sonracha ag oibreoirí a bhíonn i bhfeighil an phoist, cosúil leis An Post in Éirinn, de bharr uilíochais na friothála (seachadtaí laethúla go dtí gach seoladh) agus treise a mbranda (fear an phoist faoi dhea-chlú, go háirithe faoin dtuaith agus sna bailtí beaga). Is sócmhainní tábhachtacha iad seo, a thugann buntáiste áirithe dóibh chun a bheith ar thús cadhnaíochta mar sheachadóirí litreacha.
I staidéar a rinneadh le déanaí le haghaidh Choimisiúin na hEorpa, tugann Ecorys faoi deara "go bhfuil an iomaíocht sa phost le seoltaí airm idir oibreoirí difriúla poist, an-teoranta faoi láthair, agus go bhfuil céadatán os cionn 90% den mhargadh le haghaidh míreanna poist faoi sheoltaí coinnithe chuchu féin ag na hoibreoirí poist náisiúnta go léir[36]

### *7.2.6 An tImshaol Sóisialta*

Beidh toradh ag na hathruithe sóisialta freisin ar éileamh agus ar sholáthar na seirbhísí poist[37]. I measc na gcúinsí ar fad atá i bhfábhar an fháis, tá teaghlaigh níos lú[38], ag luí i dtreo mar atá san Eoraip, deiseanna fostaíochta níos fearr, méadú ar líon na dteaghlach le dhá ioncam, tithe nua á dtógáil (400,000 sa sé bhliana atá caite). Chomh maith le sin, beidh méadú i ndaonra na tuaithe de bharr gluaiseachta as na bailte ag daoine ag lorg tithe níos saoire agus athrú ar nósanna beatha. Nithe is ea iad seo go léir a chuirfeadh le fás na seirbhísí poist.

Ar an dtaobh eile tá rudaí a chuirfidh le costais i gcónaí, mar atá an deacracht atá le pacáistí agus bearta a sheachadadh agus gan duine sa bhaile chun iad a ghlacadh, an

[36] Forbairt na hiomaíochta in earnáil phoist na hEorpa MARKT/2004/03/C, Iúl 2005

[37] Féach go speisialta leathanach 4 de "*Mail Trends*" Fouad H. Nader (Adrenale Corporation) i gcomhair Pitney Bowes Inc.

[38] Lár-Oifig Staidrimh (LOS), figiúirí bunaithe ar dhaonáireamh 2002, fágann sé meán-mhéad an teaghlaigh le 2.94 daoine agus gan ach duine amháin nó beirt ag os cionn 47% de na teaghlaigh ar fad.

céadatán ard atá ag maireachtáil faoin dtuaith (40%)[39], an leibhéal ard inimirce[40], agus an ceanglas ón AE le haghaidh seachadta laethúil.
Athróidh nádúr an phoist freisin de réir mar a éiríonn daoine "saibhir in airgead" ach "bocht in am", agus beidh siad, mar sin, ag iarraidh cianphróiseáil a dhéanamh ar a ngnónna.

## 7.3 Fís ChomReg d'earnáil an phoist

Tá na seirbhísí poist riachtanach don chumarsáid agus don thrádáil agus tá páirt ríthabhachtach acu i gcomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta an AE. Tá tábhacht straitéiseach ag baint leo freisin mar chuid den mhargadh níos leithne cumarsáide agus dáiliúcháin. Tá go leor de na príomh-earnálacha ag brath ar infrastruchtúir an phoist, mar an ríomhthráchtáil, an foilsiú, an post-ordú, an t-árachas, an bhaincéireacht agus an fhógraíocht. Tá páirt tábhachtach le himirt ag earnáil an phoist maidir le Clár Oibre Liospóin a bhaint amach.[41]

Is í an fhís atá ag ComReg ná go mbeadh margadh seirbhísí poist iomaíocha ann a dhéanfadh raon leathan seirbísí a chur ar fáil, ar phraghas réasúnta, don ghnó, d'eagraíochtaí agus do ghnáth-úsáideoirí, seirbhísí a bheadh nuálach, ceannróideach, agus ar ardchaighdeán agus ar chomhchéim ar a laghad lena leithéidí sna príomh-eacnamaíochtaí compráideacha san AE.

Is é an dualgas reachtúil ata ar ChomReg ná forbairt earnála an phoist a chur chun chinn, go áirithe Seirbhís Phoist Uilíoch a chur ar fáil ar phraghas inacmhainne, chun tairbhe na n-úsáideoirí go léir sa Stát agus isteach is amach as an Stát. Níl aon chuspóir ar leith luaite maidir le hiomaíocht a chothú, ach is í an tuairim atá ag ComReg, nach bhfuil bealach is fearr ann chun go mbeadh an tSeirbhís Uilíoch a chuirfeadh An Post ar fáil ag freastal ar riachtanais na gcustaiméirí, ná seirbhísí ag iomaíocht le chéile a bheith ar fáil, de réir mar a shamhlaítear sa Reachtaíocht Eorpach agus sa Reachtaíocht Náisiúnta.

Ní mór do na cuideachtaí a chuireann na seirbhísí seo ar fáil a bheith éifeachtach agus brabúsach, má tá siad chun a bheith inniúil ar chostais tosaithe na seirbhísí nuálacha a sheasamh, seirbhísí a bheadh de dhíth ar earnáil phoist bhríomhar, rathúil. De réir gach taithí thar lear ní mór tréimhse idir dhá bhliain is cheithre bhliana chun brabús a bhaint as líonraí nua. Is féidir le hoibreoirí nua miondhíola brabús a dhéanamh laistigh de bhliain amháin, má úsáideann siad seirbhís sheachadta mhórdhíola ó oibreoirí seanbhunaithe.

---

[39] A bhfuil súil acu, níos mó ná riamh, le caighdeáin seirbhíse ar an gcaighdeán "uirbeach".

[40] Tá luí ann go bhfaigheann inimirceoirí níos lú poist in aghaidh an duine. Féach go háirithe leathanach 11 de "Mail Trends" Fouad H. Nader (Adrenale Corporation) i gcomhair Pitney Bowes Inc.

[41] I Mí na Mártá 2000, rinne na Cinn Stát agus Rialtas san AE comhaontú chun na AE a thiontú "chuig an eacnamaíocht is eolas-bhunaithe is fuinniúla agus is iomaíochtúla faoi 2010."

## 7.4 Cuspóirí agus stráitéisí ChomReg d'earnáil an Phoist.

### *7.4.1 Margadh poist fuinniúil*

Ba é an toradh a bheidh le fís ChomReg, fis a thairgeann margadh de sheirbhísí poist leathanraonach, iomaíochtach, ceannróideach, ardchaighdeáin do lucht gnó, d'eagraíochtaí agus do thomhaltóirí i gcoitinne, ná an sórt imshaoil ina mbeidh:

- Na srianta deiridh bainte de sholáthar seirbhísí poist agus frámaíocht nua de rialáil éatrom teagmhasach tugtha isteach mar thoradh ar an triú Treoir Phoist, atá le foilsiú go luath sa bhliain 2007..

- An idirghábhail sa mhargadh, go háirithe an cur isteach ó rialtais/rialálaithe, teoranta d'ocáidí nuair atá cliseadh sa mhargadh (m.sh. nuair nach bhfuiltear ag freastal ar riachtanais na gcustaiméirí) nó má tá mí-úsáid á bhaint as ró-smacht éigin i margadh ar leith.

- Athshainmhíniú le déanamh ar an tSeirbhís Uilíoch, chun treise úr a chur faoi urraíocht an Aontais Eorpaigh .i. go mbeidh teacht ag na Fiontair Beag/Meánacha (FBM), agus ag na custaiméirí go léir ar sheirbhísí poist d'ardchaighdeán, a fhreastalóidh go héifeachtach ar a gcuid riachtanas, inniu agus amach anseo, agus cibé áit a bhfuil siad.

- Teacht ag onnmhuirithe agus ag allmhuirithe, agus go speisialta ag na cuideachtaí ilnáisiúnacha atá bunaithe in Éireann, go mbeidh teacht acu ar oibreoirí domhanda agus uile-Eorpacha, a sholáthróidh seirbhísí thar teorainn i margaí na litreacha, na mbearta agus an mhearsheachadta.

- Iomaíocht shonrach i soláthar seirbhísí miondhíola teaghlaigh le haghaidh custaiméirí gnó agus iomaíocht ag teacht chun cinn i gcás tomhaltóirí aonaracha.

- Neartú déanta ar a staid ag na hoibreoirí poist mar ghrúpa, go háirithe maidir le:

    - bunchaidreamh idir dhaoine,

    - fógraíocht,

    - idirbheartaíocht a thaifeadh agus a éascú, agus

    - imdháileadh earraí agus seirbhísí ,

### *7.4.2 Feidhmiú líonraí seachadta An Phoist sa todhchaí*

Tá líonraí ann cheana féin ag íomaíocht le chéile sna margaí mar an post gan seoltaí, bearta agus mearsheachadadh.

Úsáidfidh ComReg a chuid chomhachtaí, nuair is cuí agus chomh tréan is a cheadaíonn an dlí, lena chinntiú go bhfuil fíor-iomaíocht ar an leibhéal miondhíola. Ag leibhéal an mhórdhíola (seachadadh) beidh sé mar thosaíocht ag ComReg a

chinntiú go mbeidh tionchar ag lánfhórsaí na hiomaíochta ar fheidhmiú an mhargaidh, chomh fada is a bhaineann le rogha, praghas agus caighdeán. Cibé acu a bhainfear é seo amach trí líonraí seachadta ag iomaíocht le chéile a fhorbairt, ní trí sholáthróirí miondhíola ag cur brú ar mhórdhíoltóir ceannasach a thairgeann "rochtain le sruth", agus an brú sin á thacú le rialáil, más gá, - braithfidh sin ar an chaoi a chaithfidh na hiomaitheoirí lárnacha le clár-oscailte an mhargaidh. Is cuma cé acu bealach a rachfaí, is é an custaiméir a bhainfidh tairbhe as.

### *7.4.3 Slabhra luacha an phoist á leathnú*

Mar adúradh faoi alt 7.2.4, tá na hoibreoirí poist i ndea-riocht anois chun bogadh leo suas 'i gcoinne srutha', go dtí margadh ullmhúcháin an phoist. In Éirinn, tá An Post imithe suas cheana féin, le bunú an fhochomhlachta, Printpost, atá ag iomaíocht le go leor cuideachtaí dúchasacha. Go traidisiúnta d'oibrigh na cuideachtaí seo mar idirghábhálaithe idir na príomhtháirgeoirí bulcphoist agus An Post. Bhí siad ag feidhmiú dáiríre mar dhíoltóirí thar cheann An Phoist. Beidh ComReg lán-aireach ná húsáidfear an staid ceannasach atá ag An Post i margadh an tseachadta, staid atá daingean deimhnithe faoi láthair sa "réimse forchoimeádta", chun an cheannasaíocht sin a shíneadh suas i gcoinne srutha chuig an margadh ullmhúcháin phoist, rud a rachadh chun aimhleasa na soláthróirí seirbhíse atá lonnaithe ansiúd faoi láthair.

### *7.4.4 Iomaíocht mhiondhíolacháin sna margaí gnó.*

Ba chóir go gcuirfí athbheocht sna seirbhísí poist tríd an iomaíocht idir na soláthróirí de sheirbhísí miondhíola chuig custaiméirí gnó, rud a chuirfeadh fás sa mhéid agus san úsáid i gcomparáid leis na meáin eile. Beidh ardú na héifeachtúlachta trí uathoibriú agus trí ríomhairiú, i margadh ullmhúcháin an phoist, mar ghnéithe lárnacha ar fad.

Tá fianaise éigin ar fáil go mb'fhearr le custaiméirí níos mó den iomaíocht sobhraite i bhfoirm líonraí ag iomaíocht le chéile[42], ach ciallaíonn baireannachtaí scála agus scóipe nach dealrach go dtarlódh sin, mura ndéanfaidh An Post líonra éifeachtach a oibriú, mar úinéir an líonra sheachadta litreach is láidre, nó má theipeann orthu seirbhísí "mórdhíola" a thairiscint ar théarmaí agus ar choinníollacha a bheadh ag teacht le prionsabail dhlí na híomaíochta.

Sa chomhthéacs seo, mar gheall ar na rátaí "faoi bhun an chostais" a thairgeann An Post d'oibreoirí áirithe faoi gcomhaontú REIMS II, tharlódh nach mbeadh fonn ar na hoibreoirí céanna líonraí ag iomaíocht le chéile a fhorbairt in Éirinn.

Déanfaidh ComReg deimhin de go gcomhlíonfaidh An Post an ceanglas atá air go mbeidh praghsanna dá leithéid socraithe i gcomhréir le costas próiseála an phoist idirnáisiúnta ag teacht isteach sa tír agus nach mbeidh na praghsanna á dtairiscint éagothrom ná leataobhach d'oibreoir ar bith.

[42] Féach *"Monitoring developments in the postal sector – market survey"* Comhairligh Stráitéise Roland Berger i gcomhair Postcomm Aibreán 2004

### *7.4.5 Iomaíocht mhiondhíolacháin i margaí na dtomhaltóirí*

Cé nach bhfuil réamhléargas ag cuid mhaith tráchtairí faoi láthair ar iomaíocht i margaí na dtomhaltóirí, is deacair a shéanadh nach bhféadfadh a leithéid a tharlú go mbeadh na hollmhargaí móra agus na slabhraí siopaí áise/stáisiún peitril ag tairiscint "faoina a lipéidí féin" leagan éigin den T>T mar atá ag An Post. Go speisialta, ní féidir táirgí mar T>G a chur as an áireamh áit ar bith a bheadh sineirgíochtaí le tionscal próiseála idirbheartaíochtaí ag treisiú agus ag tairiscint seirbhísí d'úsáideoirí.
Cuideoidh ComReg le teacht chun cinn aon iomaíocht mar sin áit a bhfuil a leithéid ceadaithe.

### *7.4.6 Margaí na mBeart agus na Mearsheachadaí*

Bhí na margaí seo oscailte riamh don iomaíocht agus tá ionadaithe ag an príomh-oibreoirí ilnáisiúnacha anseo in Éireann cheana féin. Má thugtar postchóid isteach, cuirfidh sin feabhas ar a gcuid seirbhísí agus tiocfaidh tuilleadh iomaíochais as sin arís.
Beidh ComReg ag faire ar an margadh seo le bheith cinnte nach mbeidh na gnóthachain atá bainte amach ag tionsclaíocht na hÉireann as an iomaíocht ag atá ann faoi láthair á n-ídiú de bharr soláthróra éigin rócheannasaigh a theacht chun chinn de thoradh chomhdhlúite an mhargaidh.

### *7.4.7 Toradh gníomhaíochtaí eile An Phoist ar Sheirbhís Uilechoiteann a chur ar fáil*

Tá comhlachtaí náisiúnta poist na hEorpa tar éis briseadh isteach i réimse mhór de sheirbhísí éagsúla, seirbhísí airgeadais go háirithe agus seirbhísí mearsheachadta atá in iomaíocht le hoibreoirí ilnáisiúnacha. Tagann idir deiseanna agus dúshláin as na gníomhaíochtaí sin ó thaobh bainistíochta agus maoinithe de.
Is é an dualgas atá ar ChomReg a dheimhniú nach gcuirtear isteach ar aon bhealach ar sholáthar na seirbhíse uilíche.

### *7.4.8 An tSeirbhís Uilíoch*

Is iad na ceithre choincheapa lárnacha atá clúdaithe ag an dtéarma "seirbhís uilíoch" ná:

- Praghsanna inacmhainne
- Ardchaighdeán
- Inrochtaine ag chách
- Éabhlóid ag freagairt do riachtanas custaiméirí ("nuálaíocht")

Tá ComReg den tuairim gurb é an bealach is fearr chun na critéir seo a bhaint amach ná trí mhargadh iomaíochta. Mar sin féin, tá idirghábháil rialála de dhíth sa ghearrthréimhse chun an chuspóir seo a bhaint amach, fad is atá na seirbhísí coimeádta faoi stiúrú forchoimeádta An Phoist amháin.

Áitíonn aighneacht An Phoist gurb í an fheidhm reachtúil atá ag ComReg ná an "Oibleagáid um Sheirbhís Uilíoch (OSU) a chaomhnú". Mar fhreagra ar seo ní

foláir do ChomReg idirdhealú a dhéanamh idir fheidhmeanna, cuspóirí agus idir an tseirbhís uilíoch agus oibleagáidí na seirbhíse uilíche:

- Is í an fheidhm atá ag ComReg ná deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann oibreoirí poist a gcuid oibleagáidí[43]. Is é an cuspóir reachtúil a chaithfear a chur san áireamh ag ComReg agus é ag cleachtadh a chuid feidhmeanna ná forbairt na hearnála poist a chur chun cinn agus go speisialta a bheith cinnte go mbeidh fáil ar sheirbhís uilíoch, laistigh den Stát agus isteach is amach as an Stát, agus é sin ar luach inacmhainne agus chun leasa na n-úsáideoirí go léir.[44] Tá sé soiléir i bhfís ChomReg d'earnáil an phoist, cé nach bhfuil aon chuspóir ar leith ann chun iomaíocht a chothú, gurb í an straitéis is fearr, de réir measúnaithe Chomreg, chun a bheith siúráilte go mbainfidh seirbhís uilíoch An Phoist a cuspóir reachtúil amach, ná deimhin a dhéanamh de go mbeidh seirbhísí poist iomaíocha ar fáil freisin.

- Ceann de na gnéithe de sheirbhís uilíoch, de réir an chuntais atá sna Treoracha Poist agus sna Rialacháin Éireannacha gur cheart go mbeadh an tseirbhís "ag éabhlóid mar fhreagairt ar an imshaol teicniúil, eacnamaíoch agus sóisialta agus de réir riachtanas na n-úsáideoirí." Is soiléir go samhlaitear anseo cuspóir i bhfad níos leithne ná ceann a bhaineann le cothabháil amháin mar a thugann An Post le fios.

- Ní mór an t-idirdhealú idir Oibleagáidí um Sheirbhís Uilíoch (OSU) agus seirbhís uilíoch a shoiléiriú freisin. Cuirtear Oibleagáidí um Sheirbhís Uilíoch ar sholáthóir ainmnithe seirbhíse mar oibleagáidí sonracha, cur i gcás, an ceanglas chun seachadtaí a dhéanamh go dtí baile nó go dtí áitreabh gach duine dlíthiúil nó dúchasach cúig lá sa tseachtain. Ar an dtaobh eile, is éard atá i seirbhís uilíoch ná raon seirbhísí a thugann ballstát urraíocht go gcuirfidh an margadh go léir ar fáil dá chuid saoránach. Ní thagann ceist oibleagáidí chun cinn ach amháin mura gcomhlíonann an margadh an méid sin.

### *7.4.9 CBL*

Tógadh ceist an CBL ar phostas mar shainchúram bailí maidir le hiomaíocht. Faoin socrú atá ann faoi láthair tá muirear an ráta chaighdeánaigh de CBL (21%) ar sheirbhísí poist in Éirinn, arna soláthar ag iompróir ar bith eile seachas An Post, agus tá An Post díolúine ó CBL mar oibreoir de chuid an Stáit. Ní sé furasta ag iomaitheoirí feidhmiú faoin réimeas seo, mar luíonn an CBL ar chustaiméirí indibhidiúla, ag brath ar cé acu is féidir leo cur isteach ar aisíoc CBL atá ar an bpostas nó má tá díolúine acu, faoi mar atá ag an Riarachán Poiblí, na Seirbhísí Airgeadais agus na hearnálacha Reiligiúnacha/Carthanais, agus táid siúd ar na dreamanna mó a úsáideann seirbhísí poist. Ar an dtaobh eile, dá leagfaí CBL ar sheirbhísí poist a chuireann An Post ar fáil, fiú amháin ar an ráta "íseal" (13½%), b'ionann é sin agus méadú thar meán ar chostas don bhun-úsáideoir.

---

[43] An tAcht um Rialáil Cumarsáide, 2002, Alt 1

[44] An tAcht um Rialáil Cumarsáide, 2002, Alt 12

Beidh ComReg de shíor ag faire ar cad tharlíonn maidir le CBL, ach i ndeireadh na dála is saincheist don Státchiste atá ann.

*7.4.10 Achoimre*

Is í an iomaíocht an bealach is fearr chun tionscail inmharthana a dheimhniú, tionscal a bhfuil an cumas agus an toil ann chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt táirgí nuálacha agus saindhifríochtaí idir tháirgí a chothú. Tá an iomaíocht sár-riachtanach freisin chun teacht ar sheirbhís uilíoch a dheimhniú. Níl gá le hidirghábhail rialála, ach amháin nuair atá bonn ró-cheannasach ag soláthróir amháin ar an margadh, cibé acu de bharr monaplachta dlíthúla ("réimse forchoimeádta"), bairreanachtaí scála nó scóipe, nó margaí cheal comórtais.

# 8 Ár gcuspóirí á mbaint amach


Lárnach don rialáil éifeachtach is ea seirbhísí agus cinntí d'ardchaighdeán a sheachadadh dár bpáirtithe leasmhara go trédhearcach agus go tráthúil. Tá ComReg ag brath ar phríomh-acmhainní corporáideacha inmheánacha agus tá siad seo lárnach chun ár gcuspóirí a bhaint amach, mar a leanas:

- Acmhainní daonna
- Seirbhísí faisnéise
- Airgead

## 8.1 Acmhainní Daonna

### *8.1.1 Struchtúr eagrúcháin agus ról na gCoimisinéirí*

Tá ComReg á bhainistiú ag coimisiún de thriúr, agus ceapann an tAire Cumarsáide, Mara, agus Acmhainní Nádúrtha an cathaoirleach uair sa bhliain. Is í Isolde Goggin atá mar Chathaoirleach faoi láthair. Tá ComReg roinnte idir thrí phríomhrannáin, arna thacú ag an gComhairleoir Dlíthiúil Sinsearach agus ag Comhairleoir Eacnamúil Sinsearach. Léirítear an struchtúr eagrúcháin thíos




Tuairiscíonn Foireann an Phoist chuig an Stiúrthóir, Frámaíocht an Mhargaidh. Tá cur síos níos mine maidir le hobair gach rannáin le fáil ar láthreán gréasáin ChomReg. Tá ról neamhspleách agus comhlántach ag gach duine den triúr Choimisinéir achoimrithe thíos:

**Nuálaíocht:** Isolde Goggin
Clúdaithe faoi seo tá nuálaíocht rialála, cosúil le críochnú an chéid bhabhta d'athbhreithnithe margaidh faoi fhrámaíocht rialála na hEorpa, agus nuálaíocht theicniúil. Clútaítear athbhreithniú straitéise speictrim Chomreg faoin ról seo freisin, nua-tionscnaimh sa réimse cheadúnaithe gan sreanga, agus cur chin cinn na hÉireann mar 'leaba thástála' le haghaidh úsáide nuálaíche an speictrim. Clúdaíteann faoi freisin forbairt straitéise rialála, le dearcadh i dtreo an todhchaí, a chuireann san áireamh nua-threonna imeachta ó thaobh eacnamaíochta agus teicneolaíochta de. Tá éabhlóid na seirbhísí poist agus an fhrámaíocht a ghabhann leis faoi réimse na Nuálaíochta freisin.

**Iomaíocht:** John Doherty
Faoin ról seo déantar cúram de chumasú an uasphointe iomaíochta sna hearnálacha cumarsáide leictreonaí agus poist. Áirítear faoi an leathanbhanda, guth agus Prótacal

Gutha thar Idirlíon (PGtI), lena n-áirítear, sruth giotáin, leathanbhanda gan sreanga (lena n-áirítear leathanbhanda gluaiste gan sreanga), cábla agus infrastruchtúr eile. Tá John i gceannas freisin ar iomaíocht fheabhsaithe inghluaiste a chur chun cinn, trí iontrálaithe d'Oibreoirí Líonraí Fhíoriúla Inghluiste (OLFI). Déanann sé athbhreithniú, nuair is cuí, agus athruithe sa réimeas praghsála mórdhíola sa líonra seasta. Déanann sé forbhreithniú ar ghéilliúlacht oibreoirí lena n-oibleagáidí faoin rialáil na cumarsáide leictreonaí, speictrim agus na seirbhíse poist.

Gnóthaí Tomhaltóirí: Mike Byrne
Leathann an dualgas seo thar úsáideoirí teaghlaigh, príomh-eagraíochtaí ionadaíochta tomhaltóirí, teileachumarsáid, ceadúnú oibriúcháin speictrim agus seirbhísí poist. Tagann forbairtí rialála a théann i bhfeidhm ar úsáideoirí miondhíola faoina chúram freisin, ag áireamh na bhforálacha cosanta do thomhaltóirí atá sna Treoracha Seirbhíse Uilíche agus Poist. Déanann Mike feitheoireacht ar bhearta faisnéise réamhghníomhaí do thomhaltóirí, cosúil le www.askcomreg.ie. Cuid dá ról freisein is ea na Treoracha do Thomhaltóirí agus an Treoir Táillí Idirghníomhach (TTI), an láithreán gréasáin um phraghsáil chomparáideach, agus an fheidhm a bhaineann le cúram tomhaltóirí laistigh de ChomReg. Faoina fheitheoireacht chomh maith, tá forbairt straitéiseach an n-Oibriúchán Ceadúnaithe i gComReg a dhéileálann le níos mó ná 16,000 ceadúnas teileagrafaíochta gan sreanga in aghaidh na bliana.

### *8.1.2 An tIonad Barr Feabhais*

Is eagraíocht ildhisciplíneach í ComReg a fhostaionn foireann ghairmiúil agus foireann thacaíochta ardspreagtha. Ina measc tá cuntasóirí, innealtóirí, anailísithe gnó, eacnamaithe, agus dlíodóirí. Oibríonn siad le chéile mar fhóirne i dtionscadail trasfheidhmiúla. I Mí an Mheithimh, 2005, bhí thart faoi 105 ball foirne ar fhostú ag ComReg.

Tá ComReg ag tabhairt aghaidh i gcónaí ar dhúshláin leanúnacha i dtimpeallacht atá casta agus ag athrú ar ardluas. Dá dheasca sin tá infheistíocht sa bhfoireann níos tábhachtaí ná riamh. Tá ComReg tiomanta chun foireann ard-éifeachtach a earcú, a choimeád agus a fhorbairt. Tá an-bhród orainn go bhfuaireamar dámhachtain den scoth de bharr ár gcláir oibre nuálaíocha maidir le húsáid acmhainní daonna, ina measc bhí:

- an Barr Feabhas trí Dhaoine, caighdeán náisiúnta ó 2002
- na Dámhachtainí Oiliúna Náisiúnta ón Institiúid Éireannach um Oiliúint agus Forbairt (IÉOF) sna blianta 2002 agus 2004
- Dámhachtain Institiúid Innealtóirí Éireann (IIÉ) don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) sa bhliain 2003
- Dámhachtain d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) ó Chumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (CCDC) sa bhliain 2005

Is é an bealach is straitéisí maidir le húsáid Acmhainní Daonna (AD) ná ComReg a shuíomh mar lárionad aitheanta barr feabhais sa réimse sin. Tugann an creidiúnú sin an deis dúinn ár bpróisis AD a thagarmharcáil le heagraíochtái eile agus aitheantas neamhspléach a fháil as sin ar na caighdeáin cleachtais AD is fearr, agus as sin arís dearbhú muiníne a thabhairt dár bpáirtithe leasmhara. Tá sé mar aidhm ag ComReg

na hardchaighdéain seo a choinneáil, chun a bheith cinnte go n-aithneofáí sinn riamh is i gcónaí mar rogha fostóirí.

### *8.1.3 Bainistiú Feidhmíochta*

Tá sé mar aidhm ag ComReg cultúr ardfheidhmíochta a chruthú, bunaithe ar an bhfoireann, agus an tuiscint ann gurb é a dhéanann an difir ná éifeacht na feidhmíochta, go gairmiúil agus go pearsanta. Is é an céad cuspóir atá ag ComReg don phróiseas bainistithe fheidhmíochta seo, ná na torthaí a bhfuil an fhoireann ag tnúth leo a shoiléiriú, eolas a thabhairt don bhfoireann faoina fheabhas atáthar ag baint spriocanna amach faoin gcóras feidhmíochta reatha; cuidiú le cumarsáid idir bhainisteoirí agus foireann, cinntí a dhéantar maidir le leibhéil tuarastail a fhaisnéisiú, riachtanais forbartha na foirne a aithint agus cinntí a dhéantar faoi roghnú a fhaisnéisiú freisin.

De réir ár bhfealsúnacht faoi acmhainní daonna, tá an próiseas um bhainistiú feidhmíochta atá againn, éifeachtach, agus ina chuidiú an-mhór chun ár gcuspóirí gnó a bhaint amach, maille leis an gcultúr inmhianaithe a ghabhann leo.
Leithdháileann ComReg thart faoi 5% den bhuiséad atá acu faoi láthair i gcomhair oiliúna.

## 8.2 Seirbhísí Faisnéise

Tá trí réimsí ag teacht faoi chúram ár Seirbhísí Faisnéise:

Teicneolaíocht an Eolais
Cúram Tomhaltóirí
Rochtain ar Fhaisnéis

### *8.2.1 Teicneolaíocht an Eolais*

Is éard atá mar aidhm ag feidhmiúchán TE ChomReg ná Seirbhís Faisnéise Bainistíochta a chur ar fáil a bheadh éifeachtach, muiníneach, slán agus a sholáthródh luach nios fearr dá chuid páirtithe leasmhara.

Chomh fada is a bhaineann le seo, feidhmíonn an TE mar acmhainn chumasaithe uilechoiteann gnó, 'gan uamanna', ag deimhniú go bhfuil feidhmiúchán ChomReg arna thacú agus arna fheabhsú trína bheith á úsáid go héifeachtach. Bainfear é seo amach trí gnó ComReg a thacú ar an leibhéal oibriúcháin, trí tiomsú oirbheartach d'fheidhmchláir bogearraí agus de chórais faisnéise a sholáthar, agus, ag an am céanna tionscnaimh straitéiseacha a chumasú nuair a iarrtar a leithéid.

Is iad na bunchuspóirí atá ag feidhmiúchán na TE ná:-

- A dheimhniú go ndéantar TE a úsáid le héifeacht chun feidhmeanna ChomReg a thacú agus a fheabhsú.
- A dheimhniú go gcoinnítear i riocht oibre agus faoi shlándáil aon seirbhísí de chuid ChomReg atá spleách ar TE agus curtha ar fáil don bhfoireann, d'oibreoirí agus do thomhaltóirí.

- I gcás go dtarlaíonn fadhbanna a bhaineann le TE, a dheimhniú go dtabharfar tosaíocht do réiteach na bhfadhbanna sin laistigh de thréimhse inglactha.

#### 8.2.1.1 TE á Úsáid go Straitéiseach

Aithníonn ComReg an tairbhe a bhaineann le teicneolaíocht an eolais agus an cumas atá innti seirbhís níos éifeachtaí, níos tráthúla, níos trédhearcaí agus nios cairdiúla a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara. Tá sé curtha roimhe ag ComReg réimse de sheirbhísí ar líne a chur ar fáil do ghnónna agus do dhaoine atá ag soláthar agus ag úsáid seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá faoi rialáil ag ComReg.

I measc na seirbhísí ar líne atá ann faoi láthair atá:

- Foirm ar Líne chun Fógra a thabhairt faoi Sheirbhísí Poist
- Clár agus Cuardach ar Líne i gcomhair Oibreoirí Poist agus Teileachumarsáide Údaraithe.
- 'Breathnóir Láithreáin'
- Seirbhís Ríomh-íocaíochta Ceadúnas
- Fógraí a thabhairt faoi Ríomhphost

Aithníonn ComReg an tairbhe a bhaineann le teicneolaíocht an eolais chun cur ar a chumas seirbhís níos éifeachtaí, níos tráthúla, níos trédhearcaí agus nios cairdiúla a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara

Tá íocaíochtaí ar líne faoi éileamh an-mhór anois mar mhodh íocaíochta le ComReg, agus tá níos mó ná 10% d'íocaíochtaí á ndéanamh anois ar líne trín Tionscnamh Ceadúnaithe Leictreonach a seoladh i Mí Dheireadh Fómhair, 2004, www.elicensing.comreg.ie. Tugann an tseirbhís seo cead don lucht ceadúnaithe faoi láthair íocaíochtaí ar line a dhéanamh, trí léasar nó trí chárta creidmheasa, ar mhodh slán, caothúil agus furasta. Tá ComReg sásta faoi mar a ghlacadh leis an tseirbhís seo agus táthar ag dul ar aghaidh anois chuig na céimeanna eile den tionscnamh, a chuirfear i bhfeidhm roimh deireadh 2005. I measc na gcéimeanna eile beidh tuilleadh feidhmiúlachta maidir le cuntais, agus beidh tairbhe faoi leith ansin do na mórshealbhóirí cuntais a bhionn go rialta i dteagmháil le ComReg.

I measc na dtionscnamh ar líne eile atá á bpleanáil atá:

- Seoladh Foirme ar Line chun Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí a Fhógairt
- Uirlís ar Líne a chur ar fáil chun Sonraí faoin Mhargadh a íoslódáil.
- Treoir Idirghníomhach Táillí a chur ar fáil do Thomhaltóirí
- An 'Breathnóir Láithreáin' a fhorbairt níos mó.

### *8.2.2 Cúram Tomhaltóirí*

Is é an beartas atá ag ComReg i leith tomhaltóirí ná leas na dtomhaltóirí a chur chun cinn leis na trí aidhmeanna seo a leanas:

- **Uasmhéadú Leas na dTomhaltóirí**

Is í an aidhm atá ann ná a chinntiú go mbeidh rogha, luach airgid agus ardchaighdeán ar fáil do thomhaltóirí agus déantar é seo, de ghnáth, tríd an bhfrámaíocht rialála atá curtha ar bun chun cuidiú le hiomaíocht éifeachtach a fhorbairt.

- **Cosaint Tomhaltóirí**
  Is í an aidhm atá ann ná bearta a chur ar bun chun tomhaltóirí a chosaint fad is atá an iomaíocht á forbairt. Baintear é seo amach trí bhearta sonracha a chuirtear i bhfeidhm faoin reachtaíocht iomchuí (go hiondual Treoracha AE agus reachtaíocht náisiúnta).

- **Cur le Feasacht Tomhaltóirí**
  Is í an aidhm atá ann ná faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí a chuirfidh ar a gcumas roghanna a dhéanamh sa mhargadh ar bhonn faisnéise, agus, mar thoradh ar seo, cur le forbairt na hiomaíochta. Baintear é seo amach trí fhaisnéis ábhartha a fhoilsiú agus trí chumarsáid leanúnach le grúpaí tomhaltóirí agus lena gcuid ionadaithe.

#### 8.2.2.1 Tionscnaimh Tomhaltóirí

Tá tionscnaimh seolta ag ComReg chun cur chuige éifeachtach a spreagadh maidir leis an bhfaisnéis is déanaí a chur ar fáil do thomhaltóirí. Go hiondual déantar é seo mar a leanas:

- Láithreán Gréasáin, www.askcomreg.ie
- Treoracha de Thomhaltóirí
- Taighde Margaidh agus Suirbhéanna
- Próiseas Comhairliúcháin
- Tuarascálacha Ráithiúla
- Tuarascáil Bhliantúil

#### 8.2.2.2 Beartas um Ghrearáin agus Fiosriúcháin

Is é an aidhm atá le beartas gearán ChomReg ná an cumhacht a thabhairt d'úsáideoirí gniomhú díreach a dhéanamh i gcoinne drochsheirbhíse, drochchaighdeáin nó faoi shaincheisteanna eile. Fuair ComReg thart faoi 13,000 teagmhálacha ó thomhaltóirí sa bhliain 2004. Tá an phríomhbhéim ar oiread faisnéise a sholáthar d'úsáideoirí a chuirfidh ar a gcumas déileáil lena gcuid soláthróirí seirbhíse, agus chun a bheith siúráilte go bhfuil na bealaí cuí ag na hoibreoirí chun freastail ar chúraimí na gcustaiméirí (ní hionann cúram agus géarán i gcónaí). Is féidir le tomhaltóirí faisnéis a lorg ó ChomReg. Mar sin féin, ní féidir le ComReg dada a dhéanamh faoi ghearán thomhaltóra dtí go mbíonn próiseas láimséala gearán an oibreora curtha i gcrích go hiomlán. Ní mór don phríomhfhreagracht maidir le gearáin a réiteach luí i gcónaí ar oibreoirí na seirbhíse mar is acu siúd atá an gnó díreach leis an gcustaiméir.

In fhochair na dtionscnamh i dtaobh tomhaltóirí achoimrithe thuas, cuireann ComReg roimhe faisnéis staitistíúil a fhoilsiú uair sa ráithe maidir le fiosrúcháin agus gearáin tomhaltóirí ar www.askcomreg.ie. Chomh maith le seo leanfaidh ComReg ag foilsiú Fógraí Faisnéise agus Treoracha Tomhaltóirí i dtaobh saincheisteanna a bhaineann le tomhaltóirí de réir mar is gá.

Leanfaidh foireann bhainistíochta ChomReg ag caidreamh go rialta le hionadaithe na Seirbhísí Tomhaltóirí atá ag na hoibreoirí údaraithe ábhartha chun a dheimhniú go ndéantar cúraim custaiméirí a láimhseáil de réir na ngnásanna cleachtais agus imeachta a fhoilsitear.

#### 8.2.2.3 Painéil Comhairliúcháin

Cé go bhfuil na comhairleacháin poiblí an-luachmhar chun tuairimí a fháil ó réimse de ghrúpaí agus de dhaoine ar an dtaobh amuigh, tá roinnt painéal comhairliúcháin bunaithe ag ComReg mar chabhair chun tuiscint níos soiléire a bhaint as gnéithe áirithe den ról atá ag ComReg agus chun comhairle agus aiseolas a fháil. Tá roinnt painéal dá leithéid curtha ar bun go dtí seo ag ComReg le haghaidh na hearnála cumarsáide. Seo iad na painéil:

- An Grúpa Comhairliúcháin Saineolaithe
- An Painéal Comhairliúcháin Tomhaltóirí
- An Painéal Treorach Clár Oibre don Todhchaí
- An Grúpa Saineolaithe Poist

Tá páirt fíorthábhachtach ag na painéil seo i gclár oibre ChomReg.

#### 8.2.2.4 www.askcomreg.ie

Tá ComReg tar éis láithreán gréasáin a fhorbairt, tiomnaithe do thomhaltóirí (www.askcomreg.ie) agus do na riachtanais ar leith atá acu. Is í an aidhm atá ag an láithreán seo ná ardán cairdiúil a sholáthar do thomhaltóirí a thugann faisnéis ábhartha agus freagraí dóibh ar na príomhcheisteanna a bhaineann leo nuair atá siad ag déileáil leis na soláthróirí seirbhísí cumarsáide. Tá a bhfuil sa láithreán seo scríofa i bhfriotal neamhtheicniúil. I Mí Mheithimh 2005 fuair ComReg an dámhachtain W-mharc ó CBFCÉ (Cumann Barr Feabhais Cáilíochta Éireann) i gcomhair an láithreáin seo. Déantar an W-mharc a mheasúnú agus a iniúchadh de réir sé chinn de chritéir, eadhón: Rochtain, Tiomantas do Sheirbhís do Chustaiméirí, Comhsheasmhacht agus Dreach, Bainistíocht Slándála Sonraí agus Faisnéise, Bainistíocht Nascleanúna agus Géilliúlachta Príobháidachais.

Forbraíodh an láithreán www.askcomreg.ie chun go mbeadh teacht air ag gach cineál úsáideora, agus rinneadh cúram ar leith do lucht an mhíchumais. I measc na ngnéithe ann, atá tá cló méadaithe do dhaoine lagradharcacha; téacs amháin; leaganacha ardchodarsna do daoine le daille datha; cumas fearais cúnta mar léitheoirí scáileáin a úsáid agus cúram á dhéanamh do dhaoine a úsáideann eochairchlár oiriúnaithe nó gairis níos casta fós chun dearcadh ar láithreáin gréasáin. Tá an láithreán tógtha chun caighdeáin W3C a shásamh, agus caighdeáin an Tionscnaimh Rochtana Gréasáin (TRG) san áireamh.

Leanfaidh ComReg ag forbairt na láithreáin gréasáin *askcomreg* agus déanfar úsáid uirlísí níos idirghníomhaí a fhiosrú, cur i gcás fóraim ar líne, chun tomhaltóirí a mhealladh chun teagmhálá le ComReg.

#### 8.2.2.5 Cairt na gCustaiméirí

Sa bhlaiin 2003 sheoil ComReg Cairt Custaiméirí a leagann síos na caighdeáin seirbhíse ar féidir leis an dtómhaltóir a bheith ag tnúth leo in aon déileáil leis. Baineann na caighdeáin seo lenár bpáirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear tomhaltóirí, tionscal, Rialtas, grúpaí sainspéise, údaráis rialála náisiúnta eile agus institiúidí an AE.

Cliceáil anseo chun Cairt na gCustaiméirí a fheiceáil. (Doiciméad FDI, Méad Íosluchtaithe 140 cilibheart)

### *8.2.3 Teacht ar Fhaisnéis agus Gnásanna Foilseacháin*

De réir an chleachtais is fearr, tá ComReg tiomanta lena dheimhniú go dtugann an Straitéis Cumarsáide atá againn an cumas dár bpáirtaithe leasmhara go léir chun teacht ar gach dhoiciméad agus ar gach fhaisnéis phoiblí. Chun an sprioc seo a bhaint amach, tá ComReg tar éis an reachtaíocht ar fad a chaithfear géilleadh dí faoi láthair a chur san áireamh. Áirítear faoi seo An tAcht um Rialáil Cumarsáide, 2002, Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Treoracha Rochtana an Rialtais.

#### 8.2.3.1 ComReg – Faisnéis agus Foilseacháin

Tá sé d'aidhm ag ComReg cumarsáid a dhéanamh lena chuid pháirtithe leasmhara go léir ar mhodh atá oiriúnach dá gcuid riachtanais agus úsáidimíd sraith modhanna agus teicnící chun é seo a bhaint amach. Tá sé d'aidhm againn a bheith cinnte go ndéanfar ár gcinntí rialála a chur in iúl go soiléir agus ar mhodh tráthúil. Leanfaidh ComReg ag iarraidh gnásanna imeachta agus foilsiúcháin a fheabhsú de réir na gcleachtas is fearr amuigh agus leanfar ag caidreamh leis an nGrúpa um Rialáil níos Fearr ar an ábhar seo.

Tá na bealaí faisnéise seo a leanas aitheanta ag ComReg lena gcuirtear fáisnéis ar fáil do pháirtithe leasmhara. Orthu sin atá:

- Cruinnithe pearsanta
- Láithreá(i)n Gréasáin
- Ríomhphost agus Comhfhreagras Scríofa
- Billeoga Faisnéise do Thomhaltóirí
- Teileafón

Tá na bunphrionsabail seo a leanas maidir le forleathnú faisnéise leagtha amach ag ComReg:

- Beidh an fhaisnéis ar fad do thomhaltóirí so-aimsithe i bhformáid insroichte ag raon leathan tomhaltóirí.

- Beidh faisnéis chorporáideach so-aimsithe i bhformáid in oiriúint do raon leathan tomhaltóirí, lena n-áirítear lucht labhartha na Gaeilge.

- Beidh na doiciméid rialála go léir, cur i gcás, páipéir comhairliúcháin, freagraí ar chomhairliúchán, agus nótaí faisnéise curtha ar ár láithreán gréasáin www.comreg.ie.
- Cuireann ComReg gach aighneacht neamhrúnda chomhairliúcháin ar an láithreán. Tá treoirlínte ChomReg maidir le láimhseáil faisnéise atá faoi rún ar dhoiciméad 05/24

## 8.3 Costais

Déanannan t-alt seo próifíl airgeadais ChomReg a achoimriú ar ardleibhéal i gcomhthéacs maoinithe a chuid gníomhaíochtaí san am atá le teacht.

Tagann iomcam ChomReg ó thrí phríomhfhoinsí: tobhach ar chumarsáid leictreonach, tobhach ar an bpost, agus táillí teileagrafaíochta gan sreanga. Tá an tobhach ar chumarsáid leictreonach socraithe ag ComReg ar 0.2% den láimhdeachas ábhartha (as líonraí cumarsáide leictreonaí agus as seirbhísí a sholáthar laistigh den Stát). I gcaitheamh aon bhliana amháin clúdaíonn an tobhach seo thart faoi 35-50% de chostais ChomReg. Ar an dtaobh eile, is éard atá sna taillí teileagrafaíochta gan sreanga, ná táillí a íoctar leis an Stát (iar mbaint de na táillí riaracháin), as an speictream minicíochta leictreamaighnéadach a úsáid. Tá raon ollmhór d'fheidhmiúcháin, ó úsáid daoine cosúil le lucht tástála raidió, raidiónna loingis agus aer-árthach, trí naisc seasta a úsáideann oibreoirí líonraí teileachumarsáide agus líonraí gluaiste. Tá os cionn 16,000 ceadúnas ar fad ann agus is cuid mhór dár gcúraimí laethúla a bheith á riaradh siúd. Tá roinnt gaireas gearr-raonacha nó líonraí logánta raidió díolmhaithe ó cheadúnas, áit nach mbeadh an trasnaíocht mar fhadhb.

Tá éagsúlacht mhór i luachanna eacnamúla na leithdháiltee speictrim seo, agus i gcásanna áirithe measann an Stát gur cóir táille a ghearradh a léiríonn an cíos eacnamaíoch don speictream sin. Leagtar na táillí síos faoi Ionstraim Reachtúil a dhréachtann ComReg ach nach mór a bheith faofa ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúra agus ag an Aire Airgeadais. Bíodh is nach bhfuil aon fhrámaíocht bheartais fhoriomláin ann le cinneadh a dhéanamh faoi leagan síos táillí d'aon fheidhmiúchán faoi leith, ní foláir aon athrú sna táillí (m.sh. ag freagairt don bhoilsciú) a chur i bhfeidhm trí rialacháin nua a dhreáchtadh agus iad a bheith faofa ag an mbeirt Aire. Tá an tAcht Radaiteileagrafaíochta gan Sreanga á athbhreithniú faoi láthaír ag an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

Bailítear an tobhach poist ag trí rátaí difriúla. Íocann An Post, nó aon tsoláthóir ainmnithe de sheirbhís uilíoch eile, 0.25% de láimhdeachas ábhartha as seirbhísí uilíocha a chur ar fáil. Íocann sealbhóirí Údaruithe Seirbhíse Poist agus An Post tobhach €15,000 sa bhliain as seirbhísí neamh-uilíocha. Déantar íocaíocht níos lú de €1,000 má tá an láimhdeachas níos lú ná €20m sa bhliain.

Léiríonn an tábla thíos ioncam agus caiteachas chúig bhliana ChomReg ó 2000 go dtí 2004.

**Achoimre Ioncaim agus Caiteachais Chúig Bhliana**

| | 2000 €'m | 2001 €'m | 2002 €'m | 2003 €'m | 2004* €'m |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | |
| **Athfhillteach** | | | | | |
| Tobhach Cumarsáide Leictreonaí | 5 | 6 | 6 | 7 | 8 |
| Cábla, SDII agus Ceadúnú Sraonaire | 4 | 4 | 4 | 5 | 1 |
| Ceadúnú Radaispeictrim | 7 | 12 | 12 | 15 | 15 |
| Tobhach Poist | | | 1 | 1 | 1 |
| Eile (Ús Bhainc don chuid is mó) | 1 | 1 | 1 | 2 | 1 |
| **Ioncam Athfhillteach Iomlán** | 17 | 23 | 24 | 30 | 26 |
| **Neamhfhillteach** | | | | | |
| Ioncam Speictrim | 27 | 2 | | 101 | 0 |
| Táillí Riaracháin | 3 | | 4 | | |
| **Ioncam Neamhfhillteach Iomlán** | 30 | 2 | 4 | 101 | 0 |
| **Iomlán (Athfhillteach & Neamhfhillteach)** | 47 | 25 | 28 | 131 | 26 |

**Achoimre Ioncaim agus Caiteachais**

| | 2000 €'m | 2001 €'m | 2002 €'m | 2003 €'m | 2004* €'m |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | |
| Athfhillteach | 17 | 23 | 24 | 30 | 26 |
| Neamhfhillteach | 30 | 2 | 4 | 101 | 0 |
| Iomlán | 47 | 25 | 28 | 131 | 26 |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Athfhillteach (Nóta 1) | 13 | 15 | 9 | 20 | 16 |
| Neamhfhillteach | 3 | | 4 | | |
| Iomlán | 16 | 15 | 13 | 20 | 16 |
| **Barrachas** | | | | | |
| Athfhillteach | 4 | 8 | 15 | 10 | 10 |
| Neamhfhillteach | 27 | 2 | 0 | 101 | 0 |
| Iomlán | 31 | 10 | 15 | 111 | 10 |

*Neamhfhoilsithe

Nóta 1:
Léiríonn an Caiteachas Athfhillteach 2002 laghdú de €4m. sa tSoláthar Dlíthiúil. Mura mbeadh gur laghdaíodh ar an Soláthar Dlíthiúil, bheadh €13m de chaiteachas athfhillteach ann i 2002, ag tabhairt Barrachais Athfhilltigh de €11m. i 2002.

## Aguisín A – Freagróirí ar an nDréachtráitéas Straitéise

| Freagróir | Catagóir |
|---|---|
| 3 | Oibreoir Inghluaiste |
| ALTO | Cumann d'oibreoirí líonraí |
| BT Ireland | Oibreoir seasta |
| Comhlachais Lucht Tráchtála na hÉireann | Eagraíocht ionadaíochta gnó |
| Ceárdchumann na n-Oibrithe Cumarsáide | Ceárdchumann |
| David Dunphy | Páirtí sainspéise príobháideach |
| eircom | Oibreoir seasta |
| Forfas | Comhlacht Stáit |
| Martin Harran | Páirtí sainspéise príobháideach |
| Comhchomhairle Gnó CGFÉ/IIG | Cumann Fostóirí |
| IrelandOffline | Grúpa Tomhaltóirí |
| Cumann Iompróirí Mearsheachadta na hÉireann (CIMÉ) | Cumann cúiréirí mearsheachadta |
| Leathanbhanda Éireann | Oibreoir seasta gan sreanga |
| Fóram Úsáideoirí Poist na gCarthanas Éireannach (FÚPCÉ) | Cumann ionadaíochta carthanas |
| Cumann Post-Ordú na hÉireann | Eagraíocht ionadaíochta post-ordú |
| Aontas Miseanach na hÉireann | Cumann ionadaíochta carthanas |
| Mark Marley | Páirtí sainspéise príobháideach |
| Ntl | Oibreoir cáblaí |
| O2 | Oibreoir Inghluaiste |
| Gareth Pelly | Páirtí inspéise príobháideach |
| An Post | Oibreoir poist |
| RTENL | Craoltóir |
| Matthew Taafe | Páirtí sainspéise príobháideach |
| TICo Group Ltd. | Cuideachta bulcphoist a thairgeadh |
| Vodafone | Oibreoir Inghluaiste |
| Peter Weigl | Páirtí sainspéise príobháideach |

## Aguisín B Bunús agus toradh na monaplachtaí poist

Le breis agus trí chéad bliana anuas tá seirbhísí poist curtha ar fáil ag monaplachtaí stáit. I dtosach, ba é an cuspóir a bhí leis an monaplacht ná slándáil an Stáit a chosaint, ach sna blianta níos giorra dár ré féin, tá an mhonaplacht á cosaint ar bhonn eacnamaíochta[45]. I gcaitheamh na tréimhse seo uilig ghlac na seirbhísí poist páirt an-tábhachtach sna heachnamaíochtaí náisiúnta, agus b'é an t-aon chúis amháin a bhí le sin ná go leanadar ag síor-athrú, ag freagairt do riachtanais a gcustaiméirí agus don imshaol sóisialta, teicniúil, eacnamaíoch agus polaitiúil a bhí timpeall orthu.

Tharla na hathruithe seo go hiondual de bhrí nár chosain an mhonaplacht an t-oibreoir go hiomlán ó thionchar na hiomaíochta. Bhí bealaí eile cumarsáide agus dáiliúcháin ar fáil ag chustaiméirí, m.sh. nuachtáin, teileafón, agus córais teileagraif, bóithre iarainn agus iompar ar bhóithre. Lenár linn féin tá an rogha seirbhísí atá ar fáil do chustaiméirí leathnaithe go mór, le forbairt an idirlín, an ríomhphoist agus an teacht chun cinn de sheirbhísí cúiréireachta agus seirbhísí mearsheachadta beart.

Le deireannas, tá an cinneadh déanta ag tíortha áirithe, m.sh. an tSualainn agus an tSéalainn Nua a gcuid oibreoirí poist a oscailt go hiomlán don iomaíocht. De thoradh ar sin, tá na hoibreoirí faoi úinéireacht an Stáit tar éis éirí níos éifeachtaí, níos brabúsaí agus dírithe níos fearr ar leas an chustaiméara. Ar an dtaobh eile, ní hamháin go bhfuil leas bainte ag na custaiméirí as an tseirbhís feabhsaithe ón oibreoir stáit, ach freisin faigheann siad rogha seirbhísí níos fearr sa mhargadh iomlán.

Éilíonn Comhaontú an AE go mbeadh teacht ag custaiméirí ar fud na hEorpa ar mhargadh inmheánach, saor ó shrianadh maidir leis na cineálacha seirbhíse a chuirtear ar fáil agus cé cuirfidh ar fáil iad. Tá na socruithe eatramhacha le bheith á gcéimniú as feidhm de réir a chéile ón 1ú Eanáir 2002 amach.

[45] Tá slándáil an Stáit fós mar chúram, féach **cur i gcás** an an tAcht (Rialála) um Idircheapadh Pacáistí Poist agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide, 1993